An Roinn Oideachais
Department of Education

# Bí Cineálta

## Gnásanna chun Iompraíocht Bhulaíochta a Chosc agus Dul i nGleic léi do Bhunscoileanna agus d’Iar-bhunscoileanna

Meitheamh 2024




QUAL
Inclusive
The Best


Love
joy!
SLAY
Equality
peace
Good support
Friends are chill


Cineáltas
Kindness


Cineáltas
Kindness


Cineáltas
Kindness


Cineáltas






Cineáltas Flag
Cineáltas
Kindness


Cineáltas
Kindness




Peace
Trust
Safe Spaces.
Teach everyone.


Easy access policy
Easy Report System

# Clár na nÁbhar




Réamhrá ón Aire Oideachais Norma Foley TD

Leathanach 4



Réamhrá ón Ard-Rúnaí Bernie Mc Nally

Leathanach 5



Caibidil 1:
**Réamhrá**

**Leathanach 6**




Caibidil 2:
**Iompraíocht Bhulaíochta**

**Leathanach 16**



Caibidil 3:
**Tionchar Iompraíochta Bulaíochta**

**Leathanach 25**




Caibidil 4:
**Polasaí Bí Cineálta na Scoile chun Iompraíocht Bhulaíochta a Chosc agus Dul in nGleic léi**

**Leathanach 29**




Caibidil 5:
**Iompraíocht Bhulaíochta a Chosc**

**Leathanach 32**



Caibidil 6:
**Ag dul i ngleic le hIompraíocht Bhulaíochta**

**Leathanach 42**




Caibidil 7:
**Maoirseacht**

**Leathanach 49**

**Achoimre ar na hAguisíní Leabharliosta**

**Leathanach 53**



# Réamhrá ón Aire Oideachais Norma Foley TD

Is cúis áthais dom gnásanna Bí Cineálta chun iompraíocht bhulaíochta a chosc agus dul i ngleic léi do bhunscoileanna agus d'iar-bhunscoileanna a fhoilsiú, ar gnásanna iad a sholáthróidh treoir dár bpobail scoile chun oibriú le chéile ar mhaithe le hiompraíocht bhulaíochta a chosc agus dul i ngleic léi inár scoileanna.

Is mar thoradh ar phróiseas forleathan comhairliúcháin atá na gnásanna Bí Cineálta ar an bhfód, lena n-áirítear comhairliúchán le réimse leanaí agus daoine óga, ar fud suíomhanna oideachais éagsúla agus ina measc sin bhí scoileanna príomhshrutha ina ndéantar an teagasc trí mheán an Bhéarla agus trí mheán na Gaeilge, Gaelscoileanna, scoileanna DEIS agus scoileanna speisialta. Baineadh an-leas go deo as a n-ionchur sa doiciméad seo, chomh maith le hionchur ó réimse leathan páirtithe leasmhara oideachais, tuismitheoirí, agus grúpaí abhcóideachta.

Ar aon dul le *Cineáltas*: *Plean Gníomhaíochta ar an mBulaíocht*, glactar cur chuige oideachais uile sna gnásanna seo chun iompraíocht bhulaíochta a chosc agus dul i ngleic léi. Mar phobal oideachais, ní mór dúinn oibriú le chéile in iarracht iompraíocht bhulaíochta a stopadh, ar iompraíocht í a d'fhéadfadh tionchar ar feadh an tsaoil a bheith aici ar ár leanaí agus ar ár ndaoine óga mura dtéitear i ngleic léi.

Le fiche bliain anuas, tá Éire éirithe níos éagsúla agus tá ár scoileanna mar scáthán ar ár sochaí, agus réimse leathan de chultúir agus de chúlraí ag freastal orthu. Saibhríonn an éagsúlacht eispéireas oideachais ár leanaí agus ár ndaoine óga agus ní mór dúinn leanúint ar aghaidh ag obair le chéile lena chinntiú go leanfaidh ár scoileanna ar aghaidh mar áiteanna fáilteacha do gach dalta agus scoláire.

Tá an méadú as cuimse atá tagtha ar chumhacht na teicneolaíochta tar éis rochtain a thabhairt do leanaí agus do dhaoine óga ar fhlúirse eolais, rud a dhéanann an fhoghlaim suimiúil agus éifeachtach. Mar sin féin, ní mór dúinn a aithint gur féidir an teicneolaíocht a úsáid freisin mar uirlis chun daoine a ghortú agus a chrá. Dá bhrí sin, glacfaimid leis na gnéithe dearfacha a bhaineann leis an teicneolaíocht ach ar aon dul leis sin is gá dúinn sinn féin agus ár leanaí a chosaint ar na tionchair dhiúltacha.

Tugtar "Bí Cineálta" ar na gnásanna sin. Tá Cineáltas a léiriú agus a bheith cineálta lena chéile mar thaca leis na gnásanna seo agus tacaíonn sé le pobail scoile chun comhbhá agus tuiscint a chothú. Tá na gnásanna seo dírithe ar chaidreamh a athbhunú i ndiaidh d'iompraíocht bhulaíochta a bheith léirithe, rud a chuideoidh le muinín a athbhunú, cuntasacht a spreagadh agus le cultúr scoile atá tacúil.

Tugaim aitheantas don obair fhorleathan atá á déanamh ar fud ár gcuid scoileanna gach aon lá chun iompraíocht bhulaíochta a chosc agus dul i ngleic léi agus tabharfaidh na gnásanna seo tacaíocht do scoileanna agus iad ag leanúint ar aghaidh leis an obair thábhachtach sin.

Fáiltím roimh an mbéim bhreise atá á cur ar thuairisciú agus ar mhaoirseacht i dtaca le heachtraí iompraíochta bulaíochta. Déantar eolas den fhaisnéis nuair a dhéantar í a bhailiú agus a léirmhíniú. Déanfaidh an t-eolas sin scoileanna a chumasú chun tuiscint a fháil agus cinntí a bhfuil bonn eolais fúthu a dhéanamh maidir leis na bearta atá riachtanach chun iompraíocht bhulaíochta a chosc agus tacú le scoláirí a ndeachaigh iompraíocht bhulaíochta i gcion orthu.

Creidim go láidir gur féidir linn, le chéile, tacú go gníomhach le gach leanbh agus duine óg chun barr a gcumais a bhaint amach i dtimpeallacht atá saor ó iompraíocht bhulaíochta.

Norma Foley TD
An tAire Oideachais



# Réamhrá ón Ard-Rúnaí Bernie Mc Nally

I mí na Nollag 2022 foilsíodh *Cineáltas: Plean Gníomhaíochta ar an mBulaíocht*, ár gcur chuige oideachais uile na hÉireann chun bulaíocht a chosc agus dul i ngleic léi i scoileanna. Tá *Cineáltas* dírithe ar bhulaíocht, a chosc agus dul i ngleic léi, lena n-áirítear cibearbhulaíocht, bulaíocht chiníoch, bulaíocht maidir le féiniúlacht inscne agus ciapadh gnéasach i scoileanna. Tá sé dírithe ar chur chuige atá bunaithe ar chearta leanaí agus soláthraíonn sé fís chomhchoiteann agus treochlár soiléir maidir leis an mbealach ar féidir le pobal an oideachais agus leis an tsochaí oibriú i gcomhar chun bulaíocht a chosc agus dul i ngleic léi inár scoileanna.

Cuimsíonn *Cineáltas* gach ceann de na naoi gcinn de chomhpháirteanna atá sa Chur Chuige Oideachais Uile de chuid EOECNA chun bulaíocht a chosc agus dul i ngleic léi. Foilsíodh an plean forfheidhmithe cúig bliana do Cineáltas i mí Aibreáin 2023 agus cuireadh tús leis an bhforfheidhmiú láithreach. Bhí uasdátú a dhéanamh ar na gnásanna frithbhulaíochta do bhunscoileanna agus iar-bhunscoileanna mar phríomhghníomhaíocht in Cineáltas.

Is mar thoradh ar leibhéil shuntasacha plé agus rannpháirtíochta leis agus ó na comhpháirtithe oideachais go léir agus comhairliúchán forleathan le leanaí agus daoine óga trí phróiseas Cineáltas atá na gnásanna *Bí Cineálta* seo ar an bhfód.

Tá sé mar aidhm ag gnásanna *Bí Cineálta* seo tacú le pobail scoile chun iompraíocht bhulaíochta a chosc agus dul i ngleic léi. Forbraíodh iad agus na ceithre phríomhphrionsabal a bhaineann le Cineáltas á dtabhairt ar aird: cosc; tacaíocht; maoirseacht agus pobal. Cinnteoidh na gnásanna sin go ndéanfar polasaí *Bí Cineálta* gach scoile a fhorbairt agus a athbhreithniú i gcomhairle le pobal na scoile agus déanfaidh siad foráil do mhaoirseacht níos fearr ar bhearta chun iompraíocht bhulaíochta a chosc agus dul i ngleic léi.

Tá dul chun cinn suntasach déanta maidir leis an 61 gníomhaíocht atá in Cineáltas. Faoi Cineáltas, tá clár de thacaíochtaí comhairleoireachta á reáchtáil againn ar bhonn píolótach do bhunscoileanna, tá Aonad um Rannpháirtíocht Scoláirí bunaithe againn sa Roinn, tá samhail chigireachta forbartha againn chun an fholláine a chur chun cinn i scoileanna agus tá acmhainní oiliúna á bhforbairt againn chun cuidiú le scoileanna iompraíocht bhulaíochta a chosc agus dul i ngleic léi. Tugadh brat Cineáltas do gach scoil mar shiombail chun an tábhacht a bhaineann le cineáltas, meas, comhionannas agus ionchuimsitheacht a mheabhrú do phobal uile na scoile. Tugann brat Cineáltas aitheantas don dea-obair atá á déanamh ag scoileanna cheana féin, agus a bheidh á déanamh acu chun bulaíocht a chosc agus dul i ngleic léi agus chun comhionannas, ionchuimsitheacht, éagsúlacht agus folláine a chur chun cinn. Níl iontu sin ach cuid de mhórán gníomhaíochtaí a rinneadh faoi Cineáltas.

Déanfar doiciméad acmhainní a fhoilsiú chun eolas atá cothrom le dáta a sholáthar do scoileanna agus do thuismitheoirí maidir leis na tacaíochtaí atá ar fáil chun cuidiú le hiompraíocht bhulaíochta a chosc agus dul i ngleic léi. Tabharfar tacaíocht d'fhorfheidhmiú na ngnásanna seo le forbairt ghairmiúil leanúnach fhorleathan.

Ba mhaith liom buíochas a ghlacadh leis na comhpháirtithe oideachais as an obair chrua atá déanta acu agus as a dtiomantas chomh maith leis an gcur chuige i gcomhar atá glactha acu chun na gnásanna seo a fhorbairt. Ba mhaith liom freisin buíochas a ghlacadh le gach duine a chuir ionchur ar fáil mar chuid den phróiseas comhairliúcháin, ceannairí scoile, foirne scoile, tuismitheoirí agus go háirithe leanaí agus daoine óga, a raibh tionchar láidir ag a gcuid tuairimí ar na gnásanna seo.

Táim ag tnúth le leanúint ar aghaidh ag obair libh chun tógáil ar an dea-obair atá á déanamh cheana féin i scoileanna ar fud na tíre lena chinntiú go gcoinneofar ár scoláirí go léir saor ó dhíobháil agus go mbeidh a gcuid folláine chun tosaigh i ngach rud atá á dhéanamh againn.

Bernie McNally
Ard-Rúnaí

# 1 | Réamhrá



## 1.1 Ár bhFís

Tá sé mar fhís ag An Roinn Oideachais, córas oideachais a sholáthar ina mothaíonn gach leanbh agus duine óg go bhfuil meas air nó uirthi agus ina dtugtar tacaíocht ghníomhach dó nó di chun barr a c(h)umais a bhaint amach. Soláthraítear treoirphlean i *Ráiteas Polasaí Folláine agus Creat Cleachtais 2019* na Roinne den fhís atá againn go mbeidh eispéireas leanaí agus daoine óga, fad a bheidh siad sa chóras oideachais ina eispéireas a fheabhsaíonn a bhfolláine, a dhéanann í a chur chun cinn, a léiríonn meas uirthi agus a chothaíonn í.

Chun é sin a bhaint amach ní mór dúinn oibriú le chéile i dtreo sochaí Éireannach atá ionchuimsitheach, áit nach nglactar le bulaíocht agus áit a dtugtar aitheantas d'éagsúlacht aonair, ina bhfuil meas uirthi agus ina ndéantar í a cheiliúradh.

Eispéireas is ea bulaíocht nár cheart go mbeadh ar leanbh ná ar dhuine óg ar bith cur suas léi. Is féidir léi cur isteach ar rannpháirtíocht sa scoil, féinmhuinín agus mothú féiniúlachta agus muintearais an duine óig[1] Is féidir le hiompraíocht bhulaíochta dul i gcion ar an smacht atá ag an leanbh ar rudaí agus ar a c(h)umas gníomh éifeachtach a dhéanamh.

Is ceist í an bhulaíocht a bhaineann le cearta leanaí. Cuireann an bhulaíocht as do na cearta a leanas de chuid an linbh mar atá leagtha amach i gCoinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh[2]:

> An ceart chun saoirse nochta tuairime (Airteagal 13).

> An ceart chun saoirse smaoinimh, coinsiasa agus creidimh (Airteagal 14).

> An ceart chun saoirse comhlachais agus chun saoirse comhthionóil shíochánta (Airteagal 15).

> An ceart chun príobháideachais (Airteagal 16).

> An ceart chun cosaint a fháil ó gach cineál mí-úsáide agus faillí (Airteagal 19).

> An ceart an caighdeán is airde sláinte is féidir a bheith ar fáil dó nó di (Airteagal 24).

> An ceart chun oideachas a fháil (Airteagal 28).

> An ceart chun a c(h)ultúr, a c(h)reideamh nó a t(h)eanga féin a bheith aige nó aici (Airteagal 30).

## 1.2 Cineáltas: Plean Gníomhaíochta ar an mBulaíocht

Is é *Cineáltas: Plean Gníomhaíochta ar an mBulaíocht*[3] cur chuige oideachais uile na hÉireann chun bulaíocht a chosc agus dul i ngleic léi i scoileanna. Tá 61 beart in *Cineáltas* a bhfuil sé mar aidhm acu cuidiú linn go léir oibriú le chéile i dtreo sochaí Éireannach atá ionchuimsitheach agus saor ó bhulaíocht de gach cineál, ar sochaí í inar féidir lenár leanaí agus lenár ndaoine óga go léir mothú sona agus sábháilte inár scoileanna.


1 O'Higgins Norman, J, (2020) Tackling bullying from the inside out: Shifting paradigms in bullying research and interventions. *International Journal of Bullying Prevention*, 2(3), 161–169.

2 Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbhhttps://www.ohchr.org/en/instruments-mechanisms/instruments/convention-rights-child

3 Cineáltas Plean Gníomhaíochta ar an mBulaíocht 2022 https://www.gov.ie/en/publication/52aaf-cinealtas-action-plan-on-bullying/

Bhí an-tionchar ag tuairimí leanaí agus daoine óga, a dtuismitheoirí agus foirne scoile ar fhorbairt Cineáltas.

Tá Cineáltas bunaithe ar Chur Chuige Oideachais Uile EOECNA[4] chun bulaíocht a chosc agus dul i ngleic léi agus tá sé ailínithe leis na ceithre phríomhréimse do chur chun cinn na folláine[5] a bhfuil breac-chuntas orthu sa Ráiteas Polasaí Folláine agus Creat Cleachtais: Cultúr agus Timpeallacht; Curaclam (Teagasc agus Foghlaim); Polasaí agus Pleanáil; agus Caidreamh agus Comhpháirtíochtaí. Cinntíonn na ceithre réimse sin go bhfuil an fholláine á cur chun cinn i ngach réimse de shaol na scoile. *Féach Fíor 1*.




*Tá Cineáltas:* Plean Gníomhaíocht ar an mBulaíocht fréamhaithe sna ceithre cinn de phríomhphrionsabail a bhaineann le cosc, tacaíocht, maoirseacht agus pobal. Soláthraíonn *Cineáltas* fís chomhchoiteann agus treochlár soiléir maidir leis an mbealach ar féidir le pobal uile an oideachais agus an tsochaí oibriú i gcomhar chun bulaíocht a chosc agus dul i ngleic léi inár scoileanna.

4 Comhdháil Idirnáisiúnta ar Bhulaíocht Scoile (2020) EOECNA https://unesdoc.unesco.org/ark:/48223/pf0000374794

5 Ráiteas Polasaí Folláine agus Creat Cleachtais 2018-2023 (Arna leasú in 2019) 24725_07cc07626f6a426eb6eab4c523fb2ee2(1). pdf



*Fíor 2*

# Treochlár na Roinne Oideachais chun bulaíocht a chosc agus dul i ngleic léi

## Príomhréimsí na Folláine

Cultúr agus Timpeallacht

Curaclam (Teagasc agus Foghlaim)

Polasaí agus Pleanáil

Caidreamh agus Comhpháirtíochtaí

## Cosc

Is iad oideachas agus giniúint na comhbhá na bunchlocha don eolas, don mheas agus don ionchuimsitheacht

## Tacaíocht

Soláthraíonn tacaíochtaí inbhraite agus spriocdhírithe creat do phobail scoile chun oibriú le chéile



## Pobal

Le pobail scoile ionchuimsitheacha atá nasctha forbraítear caidreamh agus comhpháirtíochtaí dearfacha

## Maoirseacht

Spreagann ceannaireacht shofheicthe timpeallachtaí dearfacha do leanaí agus don phobal scoile



## 1.3 Gnásanna frithbhulaíochta

Tagann na gnásanna seo in ionad na nGnásanna Frithbhulaíochta Bunscoile agus Iar-bhunscoile ó 2013. Baineann siad leis na bunscoileanna agus na hiar-bhunscoileanna aitheanta go léir agus le hionaid oideachais, mar a shainmhínítear iad san Acht Oideachais, 1998, a bhfuil scoláirí faoi 18 mbliana d'aois ag freastal orthu.

Cuireann na gnásanna sin treo agus treoir ar fáil do scoileanna, maidir le bearta chun iompraíocht bhulaíochta a chosc agus dul i ngleic léi i scoileanna. Forbraíodh iad agus na ceithre phríomhphrionsabal a bhaineann le Cineáltas á dtabhairt ar aird: cosc; tacaíocht; maoirseacht agus pobal.

Tógfaidh feidhmiú na ngnásanna sin ar an obair atá á déanamh cheana féin lena chinntiú go gcoinnítear scoláirí atá ag freastal ar ár scoileanna slán ó dhochar agus go bhfuil folláine ár scoláirí chun tosaigh i ngach rud a dhéanaimid.

Úsáidfear an téarma scoil(eanna) síos tríd an doiciméad seo chun tagairt a dhéanamh do bhunscoileanna agus d'iar-bhunscoileanna aitheanta agus d'ionaid oideachais. Úsáidfear an téarma scoláire(scoláirí) mar atá sainmhínithe san acht Oideachais, 1998, a chiallaíonn, i dtaca le scoil, duine atá rollaithe ag an scoil, agus i dtaca le hionad oideachais, duine atá cláraithe mar scoláire san ionad sin.

Úsáidfear an téarma tuismitheoir(í) mar atá sainmhínithe san Acht Oideachais, 1998, lena n-áirítear tuismitheoir altrama, caomhnóir a cheaptar faoin reachtaíocht ábhartha um chaomhnóireacht leanaí, nó duine eile atá ag feidhmiú in loco parentis agus a bhfuil leanbh faoina c(h)úram faoi réir cumhacht reachtúil nó ordú cúirte ar bith agus, i gcás linbh a uchtaíodh faoin reachtaíocht uchtaithe ábhartha, nó i gcás gur uchtaíodh leanbh taobh amuigh den Stát ciallaíonn sé an t-uchtaitheoir nó na huchtaitheoirí nó an t-uchtaitheoir marthanach.

Baineann na gnásanna sin le bearta chun iompraíocht bhulaíochta a tharlaíonn idir scoláirí a chosc agus dul i ngleic léi. Féadfar dul i ngleic le líomhaintí maidir le hiompraíocht bhulaíochta a léiríonn scoláirí in aghaidh foirne scoile trí Chóid Iompraíochta na scoile. Féadfaidh an príomhoide nó cathaoirleach an bhoird bainistíochta dul i ngleic le líomhaintí maidir le hiompraíocht bhulaíochta a léiríonn foirne scoile in aghaidh scoláirí trí na gnásanna smachta don fhoireann.



## 1.4 Freagrachtaí phobal na scoile

Tá sé de fhreagracht ar phobal na scoile iompraíocht bhulaíochta a chosc agus dul i ngleic léi. Ba cheart do scoileanna oibriú i gcomhar lena bpátrún, leis an mbord bainistíochta, leis an bhfoireann, le scoláirí agus lena dtuismitheoirí chun a bpolasaí Bí Cineálta a chur i bhfeidhm.

Ní mór go ndéanfadh Boird Bhainistíochta maoirseacht ar fhorbairt, feidhmiú agus athbhreithniú polasaí Bí Cineálta a scoile agus a chinntiú go bhfuil na straitéisí coisctheacha cuí i bhfeidhm agus go bhfuil siad éifeachtach.

Is féidir le foirne scoile iompraíocht bhulaíochta a chosc agus dul i ngleic léi agus chuige sin comhbhá a chur chun cinn, idirghabháil luath a dhéanamh agus polasaithe a chur i bhfeidhm a chruthaíonn timpeallacht dhearfach agus ionchuimsitheach, ar timpeallacht í a chothaíonn cineáltas i measc scoláirí. Is é an príomhchuspóir atá le dul i ngleic le hiompraíocht bhulaíochta ná an iompraíocht bhulaíochta a stopadh agus an caidreamh idir na scoláirí lena mbaineann a athbhunú, a oiread agus is féidir.

Tá ról tábhachtach ag scoláirí trí thacú le piaraí, eachtraí iompraíochta bulaíochta a thuairisciú agus oibriú i gcomhar lena bpobal scoile.

Tá ról tábhachtach ag tuismitheoirí freisin. Tá sé fíorthábhachtach go mbeadh comhoibriú idir tuismitheoirí agus foireann na scoile chun iompraíocht bhulaíochta a chosc agus dul i ngleic léi ar bhealach éifeachtach. Ba cheart do scoileanna comhpháirtíocht ghníomhach le tuismitheoirí a chur chun cinn, ar féidir léi cuidiú le luachanna a chuireann in aghaidh iompraíocht bhulaíochta a threisiú.



## 1.5 Bunús Dlí

Tugtar tacaíocht do na gnásanna seo le réimse reachtaíochta lena n-áirítear iad seo a leanas:

> Foráiltear leis an Acht Oideachais (Leas), 2000[6] *go ndéanfaidh bord bainistíochta scoile aitheanta, tar éis dul i gcomhairle le príomhoide na scoile sin, leis na múinteoirí atá ag múineadh inti, le tuismitheoirí scoláirí atá cláraithe inti, agus leis an oifigeach leasa oideachais a mbeidh feidhmeanna i ndáil léi sannta dó nó di, cód iompair i leith na scoláirí atá cláraithe sa scoil a ullmhú de réir fho-alt (2).* Sna Treoirlínte um Chód Iompraíochta do Scoileanna[7] ceanglaítear ar scoileanna polasaí frithbhulaíochta a bheith acu mar chuid de Chód Iompraíochta na Scoile.

Faoi Na hAchtanna um Stádas Comhionann, 2000–2018[8], tá sé de dhualgas ar scoileanna ciapadh a chosc (ciapadh gnéasach san áireamh) ar fhorais a bhaineann le hinscne, stádas pósta, stádas teaghlaigh, aois, míchumas, claonadh gnéis, cine, reiligiún agus a bheith mar bhall de phobal an Lucht Siúil.

Leis an Acht um Thús Áite do Leanaí, 2015[9] leagtar dualgas reachtúil ar scoileanna a chinntiú, a oiread agus is féidir, *go bhfuil gach leanbh atá ag freastal ar an scoil saor ó dhíobháil fad atá sé nó sí ag freastal ar an scoil nó seachas sin ag glacadh páirte i ngníomhaíochtaí scoile.*

Leis an Acht um Chiapadh, Cumarsáid Dhochrach agus Cionta Gaolmhara, 2020[10] ar a dtugtar Dlí Coco freisin, foráiltear *maidir le duine a dhéanfaidh íomhá dhlúthphearsanta de dhuine eile a dháileadh nó a fhoilsiú, nó a bhagróidh íomhá dhlúthphearsanta de dhuine eile a dháileadh nó a fhoilsiú (a) gan toiliú a fháil ón duine eile, agus (b) le hintinn díobháil a dhéanamh, nó a bheith meargánta i dtaobh díobháil a bheith déanta nó gan a bheith déanta, don duine eile, beidh sé nó sí ciontach i gcion.*

## 1.6 Conas a rinneadh na gnásanna sin a fhorbairt

Chuaigh an Roinn Oideachais i mbun próiseas forleathan comhairliúcháin chun Cineáltas a fhorbairt agus úsáideadh an próiseas céanna chun forbairt a dhéanamh ar na gnásanna seo maidir le hiompraíocht bhulaíochta a chosc agus dul i ngleic léi atá in Bí Cineálta.

> Fuarthas 3,860 freagra ar cheistneoir an chomhairliúcháin phoiblí.

> Fuarthas 78 aighneacht i scríbhinn mar fhreagairt don iarratas poiblí ar aighneachtaí.

> Ghlac 41 ball d'fhoirne scoile agus de bhoird bhainistíochta ar fud bunscoileanna agus iar-bhunscoileanna páirt i bhfócasghrúpaí scoile.

> Bhí 170 scoláire rannpháirteach i bhfócasghrúpaí, lena n-áirítear scoláirí a raibh riachtanais speisialta oideachais acu, scoláirí ón bpobal Romach agus ó phobal an Lucht Siúil, scoláirí ón Úcráin agus leanaí atá sa chóras cosanta idirnáisiúnta.

6 An tAcht Oideachais (Leas), 2000 An tAcht Oideachais (Leas), 2000 (irishstatutebook.ie).

7 Cód Iompair a Fhorbairt: Treoirlínte i gcomhair Scoileanna 2008 www.tusla.ie/guidelines_school _codes

8 Na hAchtanna um Stádas Comhionann 2000-2018 https://adsdatabase.ohchr.org/IssueLibrary/IRELAND_Equal%20Status%20Act.pdf

9 An tAcht um Thús Áite do Leanaí, 2015 - https://www.irishstatutebook.ie/eli/2015/act/36/enacted/en/pdf

10 An tAcht um Chiapadh, Cumarsáid Dhochrach agus Cionta Gaolmhara, 2020 https://www.irishstatutebook.ie/eli/2020/act/32/enacted/en/pdf

## 1.7 An méid atá le rá ag scoláirí faoi na nithe ba cheart a dhéanamh chun iompraíocht bhulaíochta a chosc agus dul i ngleic léi

Go mbeadh pionóis níos ciallmhaire ann do bhulaithe.

Polasaí frithbhulaíochta na scoile a chur i ndialann obair bhaile na scoile.

Cabhrú linn chun a bheith níos muiníní ionas gur féidir linn an fód a sheasamh ar ár son féin agus cúnamh a thabhairt dúinn chun tuiscint a fháil ar iompraíocht daoine eile mar go n-iompraíonn daoine iad féin ar bhealach áirithe mar gheall ar an gcaoi a bhfuil an saol agus is gá do dhaoine é sin a thuiscint

Ba cheart do leanaí ó gach rang a bheith ag déanamh cur i láthair do leanaí eile faoin bpolasaí - bheifeá ag éisteacht níos mó.

Níor cheart go bhféachfadh scoileanna ar bhulaíocht mar spraoi garbh nó mar phleidhcíocht

Ba cheart go mbeadh ceardlanna cineáltais againn

Déanann roinnt scoláirí iad féin a roinnt i ngrúpaí agus ní dhéanann siad caidreamh sóisialta riamh taobh amuigh de na grúpaí sin agus iad ag tabhairt breithiúnais orthu siúd atá i ngrúpaí eile. Ba cheart go meascfadh scoláirí le chéile níos mó

Naisc chairdis a fhorbairt le scoileanna eile – aclaíocht/imeachta í spóirt do gach scoil chun muintearas a chur chun cinn.

Ba cheart go mbeadh aire a thabhairt do dhaoine eile san áireamh sa pholasaí




# 2 | Iompraíocht Bhulaíochta



## 2.1 Sainmhíniú ar iompraíocht Bhulaíochta mar atá léirithe in *Cineáltas: Plean Gníomhaíochta ar an mBulaíocht*

> **Bunmhíniú ar Iompraíocht Bhulaíochta**
>
> Iompar spriocdhírithe a dhéanann dochar, ar líne nó as líne, is ea bulaíocht. D'fhéadfadh sé gur dochar fisiciúil, sóisialta agus/nó mothúchánach a bheadh i gceist. Leanann iompraíocht bhulaíochta ar aghaidh thar thréimhse ama agus bíonn neamhchothroime cumhachta i gceist ann sa chaidreamh idir beirt nó idir grúpaí daoine sa tsochaí.

Mar thoradh ar bhlianta fada de thaighde idirnáisiúnta, leagtar amach sa bhunmhíniú thuas critéir shoiléire chun cabhrú le pobail scoile bulaíocht i measc scoláirí a chosc, a aithint i gceart agus dul i ngleic léi. Mar sin féin, is minic a bhíonn eachtraí bulaíochta líomhnaithe casta agus ní mór iad a bhreithniú cás ar chás.

Tá mórán modhanna éagsúla ina léirítear iompraíocht bhulaíochta agus ina measc sin tá bulaíocht fhisiciúil, bulaíocht ó bhéal agus bulaíocht a bhaineann le caidreamh agus is féidir léi tarlú ar líne nó as líne. Is iomaí cuspóir éagsúil atá le hiompraíocht bhulaíochta freisin agus is féidir iad sin a thuiscint ar an leibhéal aonair (mar shampla, ag iarraidh a bheith ceannasach, stádas, díoltas) agus/nó ar leibhéal na sochaí (mar shampla, bulaíocht bunaithe ar fhéiniúlacht amhail bulaíocht chiníoch, mhíchumais, ghnéasaíoch nó LADTA+) Is minic a bhíonn tionchar láidir ag meonta, iompraíochtaí, gnásanna agus dinimic chumhachta atá fréamhaithe go domhain inár sochaí ar iompar bulaíochta inár sochaí.

Déantar cur síos breise ar phríomhghnéithe an mhínithe thíos:

> **Iompraíocht spriocdhírithe**

Iompraíocht a léirítear d'aon ghnó, nach n-iarrtar agus a dhéanann dochar do dhaoine eile is ea bulaíocht, agus nuair is eol don scoláire a bhfuil an iompraíocht bhulaíochta á léiriú aige nó aici go bhféachann nó go bhféachfaidh an leanbh nó an duine óg a fhulaingíonn an iompraíocht ar an iompraíocht mar iompraíocht dhíobhálach. Ní iompraíocht thimpisteach ná mheargánta atá sa bhulaíocht. D'fhéadfadh sé gur dochar fisiciúil a bheadh i gceist (mar shampla, díobháil phearsanta, damáiste do mhaoin nó cailleadh maoine) dochar sóisialta (mar shampla, cúlú, uaigneas, eisiamh) agus/nó dochar mothúchánach (mar shampla, lagmheas, dúlagar, imní) agus d'fhéadfadh sé tionchar diúltach atá tromchúiseach agus fadtéarmach a bheith aige ar an scoláire a fhulaingíonn an iompraíocht bhulaíochta. Má cheapann an scoláire nó an duine óg atá ag fulaingt na hiompraíochta go bhfuil an dochar leantach fíor ach nach bhfuil sé ar intinn ag an scoláire dochar a dhéanamh, ní hionann é sin agus bulaíocht ach tá sé tábhachtach fós féin go rachfaí i ngleic leis faoi chód iompair na scoile.

> **Iompraíocht leantach**

Patrún iompraíochta atá córasach agus a leantar ar aghaidh leis thar thréimhse ama is ea bulaíocht. Ní mheastar gurb ionann eachtraí aonair as líne ina léirítear iompraíocht dhiúltach d'aon ghnó agus a bhfuil neamhchothroime cumhachta i gceist leo agus bulaíocht ach fós féin ní mór dul i ngleic leo sin faoi chód iompair na scoile. D'fhéadfadh sé, dá bhrí sin, go measfaí gurb ionann agus bulaíocht teachtaireacht/íomhá/físeán amháin a phostáil ar líne nuair is ródhócha go ndéanfar í/é a athphostáil nó a roinnt le daoine eile.

> ### Neamhchothroime cumhachta

In eachtraí bulaíochta, bíonn sé deacair ar an scoláire atá ag fulaingt na bulaíochta é féin nó í féin a chosaint de bhrí go bhfuil mí-úsáid á baint as neamhchothroime cumhachta, bíodh an neamhchothroime cumhachta sin fíor nó braite. D'fhéadfadh an neamhchothroime cumhachta sin é féin a léiriú trí dhifríochtaí a bhaineann le méid, neart, aois, cumas, cumhacht an phiarghrúpa, stádas eacnamaíochta, stádas sóisialta, reiligiún, cine, bunús eitneach lena n-áirítear a bheith mar bhall de phobal an Lucht Siúil agus/nó de phobal na Romach, gnéaschlaonadh, cúinsí teaghlaigh, inscne, féiniúlacht inscne, léiriú inscne, taithí ar an gcóras cúraim, míchumas nó a bheith ag fáil oideachas speisialta. In eachtraí a bhaineann le bulaíocht ar líne (nó cibearbhulaíocht) d'fhéadfadh sé go mbainfeadh an neamhchothroime cumhachta le hanaithnideacht ar líne, inniúlacht theicniúil, seilbh ar fhaisnéis/íomhánna/fhíseáin, agus gan an scoláire ar a bhfuil an iompraíocht dírithe a bheith ábalta ábhar gránna ar líne a bhaint nó éalú ón mbulaíocht.

## 2.2 Iompraíocht nach iompraíocht bhulaíochta í

Ní hionann eachtra aon uaire d'iompraíocht dhiúltach in aghaidh scoláire eile agus iompraíocht bhulaíochta. Mar sin féin, is féidir teachtaireachtaí goilliúnacha a phostáiltear ar na meáin shóisialta a mheas mar iompraíocht bhulaíochta mar go bhféadfadh pobal níos leithne iad a fheiceáil agus gur mó an seans go ndeanfar iad a roinnt go minic agus mar sin gur iompraíocht leantach atá iontu.

Ní mheastar go bhfuil iompraíocht bhulaíochta i gceist nuair a tharlaíonn easaontas idir scoláirí nó nuair nach bhfuil scoláirí ag iarraidh a bheith ina gcairde ag duine nó fanacht mar chairde ag duine mura ndéantar iarrachtaí leantacha d'aon turas duine a chiapadh, a fhágáil ar lár nó fuath don duine a chruthú i measc daoine eile lena n-áirítear grúpaí cairdis a ionramháil in aon turas.

D'fhéadfadh sé go mbeadh deacrachtaí le cumarsáid shóisialta ag roinnt scoláirí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu agus go gcuirfidís a gcuid riachtanas in iúl le hiompraíochtaí a d'fhéadfadh iad féin nó daoine eile a ghortú. Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara nach in aon turas a léirítear na hiompraíochtaí sin agus nach bhfuil siad pleanáilte ach, i gcúinsí áirithe, gur freagairt uathfheidhmeach iad, nach féidir leo a smachtú.

Ní iompraíocht thimpisteach ná meargánta atá sa bhulaíocht. Má mheasann an scoláire a bhfuil an dochar á fhulaingt aige nó aici go bhfuil fíordhochar á dhéanamh dó nó di ach nach bhfuil sé i gceist ag an scoláire eile dochar a dhéanamh, ní hionann é sin agus bulaíocht.

Is féidir leis na hiompraíochtaí sin a bheith coscrach.

Déantar foráil do straitéisí chun dul i ngleic le hiompraíocht mhíchuí laistigh de Chód Iompraíochta na Scoile.



## 2.3 Iompraíocht choiriúil

I gcásanna áirithe, féadfar iompraíocht bhulaíochta a mheas mar iompraíocht choiriúil agus d’fhéadfadh feidhm a bheith le hiarmhairtí dlí. Is é 12 bhliain aois na freagrachta coiriúla in Éirinn.

D’fhéadfadh roinnt den iompraíocht ar líne a bheith mídhleathach agus ní mór go mbeadh a fhios ag scoláirí go mbaineann impleachtaí forleathana le hábhar míchuí nó dochrach a phostáil ar líne. I gcásanna a bhaineann le híomhánna dlúthphearsanta, leis an Acht um Chiapadh, Cumarsáid Dhochrach agus Cionta Gaolmhara, 2020 ar a dtugtar Dlí Coco freisin, déantar coir as íomhánna dlúthphearsanta a roinnt gan toiliú agus déantar coir freisin as bagairt a dhéanamh na híomhánna sin a roinnt.

Má tá foréigean fisiciúil nó bagairt foréigin i gceist le hiompraíocht bhulaíochta, *d’fhéadfaí* a mheas gur ionsaí atá inti.

Má tá leithcheal nó fuathchaint i gceist le hiompraíocht bhulaíochta a dhíríonn ar an scoláire agus atá bunaithe ar chine, reiligiún, eitneacht, claonadh gnéis nó bunaithe ar an scoláire a bheith mar bhall de phobal an Lucht Siúil, d’fhéadfaí é sin a mheas mar choir fuatha faoin Acht um Thoirmeasc ar Ghríosú chun Fuatha, 1989[11], agus d’fhéadfaí cúiseanna coiriúla a chur ina leith siúd a bhíonn páirteach in iompraíocht den chineál sin.

Má tá ciapadh gnéasach nó ionsaí gnéis i gceist leis an iompraíocht bhulaíochta, d’fhéadfaí é sin a mheas mar iompraíocht choiriúil.

Is é an Garda Síochána an t-údarás cuí chun iompraíocht choiriúil líomhnaithe a fhiosrú.

## 2.4 Nuair a bheidh iompraíocht bhulaíochta ina hábhar imní maidir le cosaint leanaí

In Alt 10 den Acht um Thús Áite do Leanaí, 2015 leagtar dualgas reachtúil ar scoileanna a chinntiú, a oiread agus is féidir, mar “sholáthraí seirbhíse ábhartha” go bhfuil gach leanbh atá ag freastal ar an scoil saor ó dhíobháil fad atá sé nó sí ag freastal ar an scoil nó seachas sin ag glacadh páirte i ngníomhaíochtaí scoile.

Is Daoine atá faoi Shainordú iad múinteoirí atá cláraithe leis an gComhairle Mhúinteoireachta faoin Acht um Thús Áite do Leanaí. Tá dualgas dlíthiúil orthu faoin Acht dochar do leanaí a shroicheann nó a sháraíonn tairseach shainithe a thuairisciú do Tusla, agus chomh maith leis sin cúnamh a thabhairt do Tusla, má iarrtar é, maidir le hábhar imní atá mar ábhar do thuairisc faoi shainordú a mheas. Mura sroicheann an t-ábhar imní an tairseach do thuairisciú faoi shainordú, ach más dóigh le múinteoir go bhfuil ábhar imní réasúnach ann faoi leas nó faoi chosaint linbh, ba cheart tuairisc a dhéanamh do Tusla faoin Treoir Náisiúnta maidir le Tús Áite do Leanaí. Baineann an Treoir Náisiúnta maidir le Tús Áite do Leanaí le gach duine. Ní mór do gach ball foirne agus oibrí deonach i scoil ábhair imní réasúnacha a thuairisciú do Tusla.

Foráiltear sna Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus Iar-bhunscoileanna (Arna leasú in 2023), gur cheart do gach ball foirne ábhair imní réasúnacha a thuairisciú don Teagmhálaí Ainmnithe, a ghlacfaidh le comhairle agus/nó a dhéanfaidh na hábhair imní a thuairisciú do Tusla. Más múinteoir cláraithe an ball foirne agus má tá an t-ábhar imní ag an tairseach ag a gcaithfear tuairisc faoi shainordú a dhéanamh nó os a cionn, cuirfidh an múinteoir cláraithe agus an Teagmhálaí Ainmnithe in éineacht ar aghaidh an t-

11 An tAcht um Thoirmeasc ar Ghríosú chun Fuatha, 1989
https://www.irishstatutebook.ie/eli/1989/act/19/enacted/en/print.html

ábhar imní chuig Tusla. Féach Caibidil 5 de na nósanna imeachta um chosaint leanaí do Bhunscoileanna agus Iar-bhunscoileanna (athbhreithnithe 2023).

San Acht um Thús Áite do Leanaí sainmhínítear dochar mar ionsaí, drochíde, faillí nó mí-úsáid ghnéis agus clúdaíonn sé eachtraí aonair agus eachtraí iomadúla.

Sroichtear tairseach an dochair nuair a mheasann an duine faoi shainordú go rabhthas nó go bhfuiltear ag cur as go mór do shláinte, forbairt nó leas linbh nó gur dócha go gcuirfear as dóibh.

Is é an doiciméad Treoir Náisiúnta maidir le Tús Áite do Leanaí 2017 an treoir uileghabhálach maidir le cumhdach leanaí. Foráiltear sa Treoir go bhféadfadh sé, i gcás eachtraí tromchúiseacha bulaíochta nuair a mheastar go bhféadfadh an iompraíocht a bheith ina hiompraíocht mhí-úsáide, go gcaithfí atreorú a dhéanamh chuig Tusla nó chuig an nGarda Síochána de réir mar is cuí.

Go hiondúil, is féidir dul i ngleic le hiompraíocht bhulaíochta gan rannpháirtíocht Tusla. Mar sin féin, d'fhéadfadh iompraíocht bhulaíochta a bheith ina hábhar imní maidir le cosaint leanaí nuair atá dochar suntasach fisiciúil i gceist léi, nó nuair a thagann sí chun a bheith ina fadhb leantach agus thromchúiseach agus nuair nach raibh na bearta a rinneadh chun dul i ngleic léi éifeachtach.

Nuair atá cinneadh á dhéanamh faoin uair ba cheart an iompraíocht bhulaíochta a thuairisciú do Tusla ba cheart na tosca seo a leanas a chur san áireamh:

- An tionchar ar an leanbh.
- Gníomh cosantach/cuí déanta ag na tuismitheoirí.
- Gníomh cosantach/cuí déanta ag an scoil.
- Rannpháirtíocht an linbh/an teaghlaigh le seirbhísí tacaíochta amhail SNSO.

Má tá amhras ann an bhfuil nó nach bhfuil iompraíocht bhulaíochta in hábhar imní maidir le cosaint leanaí ba cheart do scoileanna teagmháil a dhéanamh le roinn oibre sóisialta Tusla chun comhairle a fháil. Cuirfidh sé sin ar chumas an oibrí shóisialta iniúchadh a dhéanamh ar an gcás le foireann na scoile agus comhairle a thabhairt faoin mbealach ab fhearr dul ar aghaidh.

Tá sonraí teagmhála do Tusla san áireamh sa Treoir Acmhainní a théann leis na gnásanna seo.

Cliceáil anseo chun tuilleadh eolais a fháil maidir le Nósanna Imeachta na Roinne maidir le Cosaint leanaí do Bhunscoileanna agus d'Iar-bhunscoileanna[12].

Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus d'Iar-Bhunscoileanna

gov – Nósanna imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus d'Iar-Bhunscoileanna (leasaithe 2023) (www.gov.ie)

## 2.5 An chaoi a dtarlaíonn iompraíocht bhulaíochta

Is iomaí cruth a d'fhéadfadh a bheith ar iompraíocht bhulaíochta, agus is féidir leo tarlú ar leithligh nó in éineacht le chéile. D'fhéadfadh na nithe seo a leanas a bheith san áireamh san iompraíocht ach níl an liosta uileghabhálach.

12 Nósanna Imeachta maidir le Cosaint Leanaí https://www.gov.ie/en/policy-information/d7be05-child-protection/

## Iompraíocht bulaíochta dírí:

### Iompraíocht bulaíochta fisiciúla:

> San áireamh sa bhulaíocht fhisiciúil, tá scoláirí a bhrú, a shoncáil, a chiceáil, a phriocadh agus cor coise a chur iontu. Chomh maith leis sin, d'fhéadfadh drochionsaí fisiciúil tarlú léi. Cé gur minic a bhíonn "troideanna pleidhcíochta" ar siúl ag scoláirí, uaireanta is féidir iad sin a úsáid chun ciapadh fisiciúil nó bualadh pianmhar a cheilt.

> Is féidir le hiompraíocht bhulaíochta a bheith dírithe ar mhaoin phearsanta. Mar thoradh air sin d'fhéadfaí damáiste a dhéanamh d'éadach, fón póca nó gléasanna eile, leabhair scoile nó ábhar foghlama eile nó cur isteach ar thaisceadán nó ar rothar an scoláire. D'fhéadfadh sé go ndéanfaí a bhfuil istigh i málaí scoile agus i mboscaí pionsailí a scaipeadh ar an urlár. D'fhéadfaí earraí pearsanta a mhilleadh, a bhriseadh, a ghoid nó a chur i bhfolach.

### Iompraíocht bhulaíochta ó bhéal:

> Ba cheart glaoch ainmneacha ar bhonn leanúnach atá dírithe ar scoláire agus a ghortaíonn, a mhaslaíonn nó a náiríonn an scoláire a mheas mar chineál iompraíochta bulaíochta. Is minic a thagraíonn iompraíocht bhulaíochta den chineál sin do chuma fhisiciúil, mar shampla méid, nó éadaigh atá á gcaitheamh nó féiniúlacht ghnéis. D'fhéadfaí tagairt freisin do chanúint, tréithe glóir atá uathúil, cumas acadúil, cine nó bunús eitneach.

### Iompraíocht bhulaíochta i scríbhinn:

> San áireamh in iompraíocht bhulaíochta i scríbhinn tá ráitis mhaslacha a scríobh faoin scoláire in áiteanna poiblí, nótaí faoin scoláire nó líníochtaí den scoláire a chur timpeall.

### Sracadh:

> D'fhéadfadh sracadh a bheith i gceist le hiompraíocht bhulaíochta. Bíonn sracadh i gceist nuair a fhaightear rud éigin le lámh láidir nó le bagairt.

## Iompraíocht bhulaíochta indíreach:

### Eisiamh:

> Tarlaíonn iompraíocht bhulaíochta eisiata nuair a dhéanann scoláire nó scoláirí scoláire eile a aonrú, a eisiamh nó neamhaird a thabhairt air/uirthi in aon turas ar bhonn leanúnach.

### Caidrimh:

> Tarlaíonn iompraíocht bhulaíochta caidrimh nuair a dhiúltaítear ar bhonn leanúnach d'iarrachtaí a dhéanann scoláire bualadh le piaraí agus caidreamh a bhunú leo nó nuair a bhaintear de na hiarrachtaí sin. I measc na gcineálacha coitianta tá ceannas: "Déan é seo nó ní bheidh mé cairdiúil leat níos mó"; grúpa scoláirí ag teacht le chéile in aghaidh scoláire amháin, gothaí neamhbhriathartha, cúlchaint mhailíseach, ráflaí a scaipeadh faoi scoláire; an "chluas bodhar" a thabhairt do scoláire agus grúpaí cairdis a ionramháil in aon turas ionas nach dtaitneoidh duine éigin leis an ngrúpa.

### Iompraíocht bhulaíochta ar líne:

Déantar iompraíocht bhulaíochta ar líne (cibearbhulaíocht) trí fheidhm a bhaint as teicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide amhail téacsanna nó teachtaireachtaí díreacha/meandracha, ardáin na meán sóisialta, ríomhphost, aipeanna, suíomhanna cluichíochta digiteacha, consóil chluichíochta, seomraí comhrá agus teicneolaíochtaí eile ar líne.

D’fhéadfadh siad seo a leanas a bheith san áireamh sa chineál sin iompraíochta bulaíochta:

> Teachtaireachtaí nó íomhánna gránna, maslacha, tarcaisneacha agus/nó bagracha a sheoladh nó a roinnt le teachaireachtaí téacs, ríomhphoist, teachtaireachtaí díreacha nó suíomhanna gréasáin nó aipeanna eile.

> Eolas a mheastar a bheith pearsanta, príobháideach agus íogair a phostáil gan chead

> Próifílí bréagacha a chruthú ar líonra sóisialta agus/nó a bheith páirteach iontu chun scoláirí eile a phearsanú agus/nó a náiriú.

> Rochtain scoláire ar ghrúpaí comhrá ar líne, ar chuntais nó ar chluiche ar líne a eisiamh nó a bhac in aon turas.

Cé go mb’fhéidir nár phostáil scoláire teachtaireacht ar líne ach uair amháin, d’fhéadfaí é sin a mheas mar iompraíocht bhulaíochta mar go bhféadfadh grúpa níos leithne féachaint uirthi i gcás go bhfuil sé i gceist go ndéanfaí í a roinnt nó gur dócha go ndéanfar í a roinnt go minic agus ar an gcaoi sin go bhfuil sí leanúnach.

De bhrí go mbaintear feidhm as teicneolaíocht sa bhulaíocht ar líne chun dul i mbun iompraíocht bhulaíochta agus nach dteastaíonn teagmháil aghaidh ar aghaidh chun é sin a dhéanamh, d’fhéadfadh sé tarlú ag am ar bith. Is féidir mórán cineálacha iompraíochtaí bulaíochta a éascú trí bhulaíocht ar líne. I mórán cásanna, d’fhéadfadh baint a bheith ag an mbulaíocht ar líne le heispéireas “as líne” le duine a bhfuil aithne ag an scoláire air/uirthi. D’fhéadfadh cineálacha teacht i dtír gnéasach a bheith i gceist leis sin lena n-áirítear, comhéigean gnéis agus íomhánna dlúthphearsanta a roinnt gan chead ach gan a bheith teoranta dóibh sin. Cion coiriúil is ea íomhánna a roinnt nó bagairt iad a roinnt gan toiliú.

## 2.6 An áit ar féidir le hiompraíocht bhulaíochta tarlú

Is féidir le hiompraíocht bhulaíochta tarlú in áit ar bith, ar líne nó as líne agus ag am ar bith, ach is mó seans go dtarlóidh iompraíocht bhulaíochta ag áiteanna agus amanna ar leith. D’fhéadfadh na nithe seo a leanas a bheith san áireamh san iompraíocht ach níl an liosta uileghabhálach:

### Laistigh den Scoil

Is féidir le timpeallachtaí fisiciúla tionchar suntasach a imirt ar chaidreamh sóisialta i measc scoláirí agus is féidir leo tionchar a imirt ar chumas fhoireann na scoile bulaíocht a chosc agus dul i ngleic léi. Tá ról fíorthábhachtach ag timpeallachtaí scoile atá dea-dheartha maidir le hiompraíocht bhulaíochta a chosc agus ionchuimsitheacht, caidreamh dearfach agus timpeallacht foghlama atá slán agus tacúil a chur chun cinn.

**Clós na scoile:** Is féidir le hiompraíocht bhulaíochta tarlú i gclós na scoile. Is féidir le tailte scoile a bhfuil codanna díobh folaithe nó doiléir timpeallacht a sholáthar inar mó seans go dtarlóidh bulaíocht. Soláthraíonn mórán de na cluichí a imrítear i gclós na scoile deiseanna d’iompraíocht bhulaíochta de bhrí gur cluichí fisiciúla iad. D’fhéadfadh troid fhisiciúil tarlú mar thoradh ar spochadh leanúnach agus i roinnt cásanna d’fhéadfadh sé gur chosúil gurbh




é/í an scoláire atá ag fulaingt na hiompraíochta bulaíochta atá ag tosú na tr[illegible] agus é/í [illegible] léiriú a c(h)uid frustrachais.

**Sa seomra ranga:** Is féidir le hiompraíocht bhulaíochta tarlú sa rang. D'fhéadfadh sé tarlú go cáiréiseach trí shracfhéachaintí, féachaint, sciotaíl nó d'fhéadfadh sé a bheith níos oscailte, amhail imeaglú fisiciúil ná aonrú d'aon turas. D'fhéadfadh iompraíocht bhulaíochta tarlú freisin idir tréimhsí ranga nuair a bhogann an múinteoir nó na scoláirí.

**Limistéir eile:** d'fhéadfadh iompraíocht bhulaíochta tarlú i limistéir eile freisin amhail leithris, pasáistí, seomraí cótaí, ionaid taisceadán, seomraí feistis, cithfholcadáin, halla gleacaíochta, ceaintín agus halla tionóil.

## Lasmuigh den Scoil

Níltear ag súil go rachaidh scoil i ngleic le hiompraíocht bhulaíochta a tharlaíonn nuair nach bhfuil scoláirí faoi chúram na scoile ná nuair nach bhfuil an scoil freagrach astu. Mar sin féin, i gcás go bhfuil tionchar ag an iompraíocht bhulaíochta sin sa scoil, tá iallach ar scoileanna tacú leis na scoláirí atá i gceist. I gcás go leanann an iompraíocht bhulaíochta ar aghaidh sa scoil ba cheart do scoileanna déileáil léi i gcomhréir le polasaí Bí Cineálta. (Féach Cuid 6.2 de na gnásanna seo).

**Ag teacht chuig an scoil agus ag filleadh abhaile:** D'fhéadfadh iompraíocht bhulaíochta tarlú sa limistéar díreach lasmuigh den scoil sna siopaí áitiúla nó sa cheantar áitiúil i gcoitinne. D'fhéadfadh iompraíocht bhulaíochta tarlú ag stad an bhus nó ar an turas chuig an scoil nó ar ais nuair atá na scoláirí ag siúl, ag rothaíocht nó ar bhusanna scoile.

D'fhéadfadh iompraíocht bhulaíochta tarlú freisin i gclubanna agus i ngrúpaí eagraithe taobh amuigh den scoil amhail clubanna spóirt.

D'fhéadfadh iompraíocht bhulaíochta ar líne (Cibearbhulaíocht), in éineacht le hiompraíocht bhulaíochta de chineálacha eile, dochar suntasach a dhéanamh agus tionchar buan a imirt ar scoláirí a fhulaingíonn iompraíocht den chineál sin. Ciallaíonn rochtain ar theicneolaíocht gur féidir le hiompraíocht bhulaíochta tarlú ag am ar bith, agus nach bhfuil teach cónaí an scoláire ina áit shábháilte a thuilleadh. De bharr chineál na dteicneolaíochtaí sin, is féidir le lucht féachana mór ábhar digiteach a roinnt agus a fheiceáil láithreach nach mór agus tá sé beagnach dodhéanta an t-ábhar a scriosadh go buan.

## 2.7 Cineálacha iompraíochta bulaíochta

Tá mórán cineálacha éagsúla d'iompraíocht bhulaíochta ann. D'fhéadfadh na nithe seo a leanas a bheith san áireamh san iompraíocht ach níl an liosta uileghabhálach:

> Iompraíocht bhulaíochta i leith duine atá faoi mhíchumas: iompraíocht nó caint a bhfuil sé i gceist go ndéanfadh sí dochar do scoláire mar gheall ar mhíchumas nó ar riachtanas breise a shamhlaítear a bheith ag an duine sin nó atá ag an duine sin.

> Bulaíocht ar dhuine ardchumais: iompraíocht nó caint a bhfuil sé i gceist go ndéanfadh sí dochar do scoláire mar gheall ar ardchumas acadúil nó buanna as cuimse an scoláire sin.

> Iompraíocht bhulaíochta i leith duine mar gheall ar fhéiniúlacht inscne: iompraíocht nó teanga a bhfuil sé i gceist go ndéanfadh sí dochar do scoláire mar gheall ar fhéiniúlacht inscne a shamhlaítear a bheith ag an duine sin nó atá ag an duine sin.

> Iompraíocht bhulaíochta homafóbach/trasfhóbach (LADTA+): iompraíocht nó caint a bhfuil sé i gceist go ndéanfadh sí dochar do scoláire mar gheall go samhlaítear go bhfuil nó go bhfuil an duine sin mar bhall den phobal LADTA+.

> Bulaíocht ar dhuine mar gheall ar a c(h)uma fhisiciúil: iompraíocht nó caint a bhfuil sé i gceist go ndéanfadh sí dochar do scoláire mar gheall ar an gcuma fhisiciúil atá air nó uirthi. D'fhéadfadh sé go mbeifí ag magadh faoi scoláirí a bhfuil "cuma dhifriúil" orthu nó go ndéanfaí iad a cháineadh mar gheall ar chruth, méid nó cuma a c(h)oirp.

> Bulaíocht chiníoch: iompraíocht nó caint a bhfuil sé i gceist go ndéanfadh sí dochar do scoláire mar gheall ar a c(h)ine nó bunús eitneach lena n-áirítear a bheith mar bhall de phobal an Lucht Siúil nó na Romach. Tugtar sainmhíniú ar chiníochas sa *Phlean Gníomhaíochta Náisiúnta i gcoinne an Chiníochais*[13] mar "chineál forlámhais a léiríonn é féin trí na dinimicí cumhachta sin atá i láthair i socruithe, cleachtais, beartais agus noirm chultúrtha struchtúracha agus institiúideacha, a bhfuil sé d'éifeacht acu daoine aonair nó grúpaí a eisiamh nó a idirdhealú, bunaithe ar chine, dath, sliocht, nó ar bhunús eitneach".[14]

> Bulaíocht bhochtaineachta: iompraíocht a bhfuil sé i gceist léi go ndéanfaí scoláire a náiriú de bharr easpa acmhainní.

> Iompraíocht bhulaíochta i leith duine mar gheall ar fhéiniúlacht reiligiúnach: iompraíocht nó caint a bhfuil sé i gceist go ndéanfadh sí dochar do scoláire mar gheall ar fhéiniúlacht reiligiúnach atá aige/aici.

> Bulaíocht ghnéasaíoch: iompraíocht a bhfuil sé i gceist léi go ndéanfaí dochar do scoláire bunaithe ar ghnéas an scoláire, ag buanú an steiréitíopa go bhfuil scoláire nó grúpa scoláirí ar chéim níos ísle mar gheall ar an ngnéas.

> Ciapadh gnéasach: cineál ar bith teagmhála ó bhéal, neamhbhriathartha nó fisiciúil de chineál gnéasach nach bhfuiltear á hiarraidh nó iompraíocht eile bunaithe ar ghnéas a bhfuil tionchar aici ar dhínit an scoláire.

13 Is féidir teacht ar an bPlean Gníomhaíochta Náisiúnta i gCoinne an Chiníochais 2023-2027 anseo https://www.gov.ie/en/press-release/d157a-minister-obrien-announces-publication-of-irelands-national-action-plan-against-racism-2023-2027/

14 ibid, p8.



# 3 | Tionchar Iompraíochta Bulaíochta



## 3.1 Tionchar atá ag iompraíocht bhulaíochta a fhulaingt

Nuair a fhulaingíonn scoláirí iompraíocht bhulaíochta, d'fhéadfadh sé go mbeadh tionchar atá dian agus domhain aici orthu sa ghearrthéarma agus san fhadtéarma. D'fhéadfadh strus, easpa muiníne, náire agus imní scoláirí a bhualadh agus dá bhrí sin go mbeidís níos leochailí. D'fhéadfadh tionchar díobhálach a bheith ag an iompraíocht bhulaíochta a fhulaingíonn siad ar a n-eispéiris agus ar a dtorthaí san oideachas[15]. D'fhéadfaí dochar a dhéanamh d'fhéinmhuinín an scoláire agus mar thoradh air sin go dtiocfadh meath ar a bhféinmheas agus go bhféadfadh sé sin leanúint ar aghaidh agus iad ina ndaoine fásta. Cé go mb'fhéidir nach labhróidís faoina bhfuil ag tarlú dóibh, d'fhéadfadh sé go léireofaí a gcuid fulaingthe trí athruithe ina meon agus ina gcuid iompraíochta. D'fhéadfadh droch-chásanna d'iompraíocht bhulaíochta cur le deacrachtaí meabhairshláinte[16].

D'fhéadfadh bulaíocht ar líne nó cibearbhulaíocht a bheith mar chineál iompraíochta bulaíochta atá folaithe. Is minic nach dtugtar faoi deara í mar go bhfuil mórán den ghníomhaíocht ar líne nach dtagann faoi mhaoirseacht daoine fásta agus gur féidir leis an scoláire a léiríonn na iompraíocht a bheith anaithnid a bheag nó a mhór agus go bhféadfadh sé mar gheall air sin nach mbraithfí é/í. Chomh maith leis sin, d'fhéadfadh pobal níos leithne a bheith i gceist léi agus d'fhéadfadh sé a bheith deacair ráitis nó ábhar gránna a bhaint.

## 3.2 Comharthaí a léiríonn go bhféadfadh scoláire a bheith ag fulaingt iompraíocht bhulaíochta

I measc na gcomharthaí a léiríonn go bhféadfadh scoláire a bheith ag fulaingt iompraíocht bhulaíochta, tá siad seo a leanas ach níl siad teoranta dóibh sin:

> Imní maidir le taisteal chuig an scoil agus ar ais; mar shampla, ag iarraidh ar thuismitheoirí é/í a bhailiú, ag athrú bealaí taistil, ag seachaint bealaí rialta chun taisteal chuig an scoil agus ar ais.

> Gan a bheith ag iarraidh dul ar scoil, ag diúltú freastal.

> Athrú ar fheidhmíocht an scoláire ar scoil, easpa airde agus easpa díograise agus ag cailleadh suime san scoil.

> Patrúin de thinnis choirp mar shampla, tinneas cinn, pianta boilg.

> Athruithe gan mhíniú ar mheon nó ar iompraíocht a d'fhéadfaí a fheiceáil níos minice sula dtéann an scoláire ar ais ar scoil i ndiaidh deireadh seachtaine nó laethanta saoire scoile.

> Comharthaí infheicthe ar imní nó ar mhíshuaimhneas, stadaireacht, tarraingt siar, tromluithe, deacracht codladh a dhéanamh, ag gol, gan a bheith ag ithe, múisc, fliuchadh leapa.

> Ráitis spontáineacha as an ngnáth faoi scoláirí nó faoi mhúinteoirí.

> Maoin ar iarraidh nó damáiste déanta di.

> Ag iarraidh airgid níos minice nó ag goid airgid.

15 James, D. J., Sofroniou, N., & Lawlor, M. (2003). The response of Irish adolescents to bullying. Irish Journal of Psychology, 24, 22–34.

16 Foody, M., McGuire, L., Kuldas, S., & O'Higgins Norman, J. (2019). Friendship quality, gender and their role in cyberbullying involvement and psychological well-being. Frontiers in Psychology https://www.frontiersin.org/articles/10.3389/fpsyg.2019.01723/full

- Marcanna gan mhíniú nó gearrthacha nó damáiste déanta d'éadach.
- Drogall nó diúltú a rá cad atá ag cur as dó/di.

The above signs do not necessarily mean that a student is experiencing bullying behaviour. However, if these signs occur over a period of time or if a number occur together, it may be an indication that the student is experiencing bullying behaviour.

Ní gá go gciallódh na comharthaí thuas go bhfuil iompraíocht bhulaíochta á fulaingt ag an scoláire. Mar sin féin, má tá na comharthaí sin á léiriú féin ar feadh tréimhse ama nó má tharlaíonn roinnt acu ag an am céanna, d'fhéadfadh sé sin a bheith mar chomhartha go bhfuil iompraíocht bhulaíochta á fulaingt ag an scoláire.

## 3.3 Scoláirí a bhfuil baol níos mó ann go bhfulaingeoidh siad iompraíocht bhulaíochta

Tá sé tábhachtach a lua gur féidir le duine ar bith iompraíocht bhulaíochta a fhulaingt. D'fhéadfadh iompraíocht bhulaíochta a bheith dírithe ar dhaoine aonair gan cúis shoiléir ar bith, nó d'fhéadfadh sí a bheith níos oscailte bunaithe ar cheisteanna féiniúlachta nó sochaíocha.

D'fhéadfadh sé go mbeadh deacrachtaí ag roinnt scoláirí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu a aithint gur tharla iompraíocht bhulaíochta. D'fhéadfadh sé nach mbeadh roinnt scoláirí a bhfuil riachtanais chasta acu feasach ar dhinimic shóisialta agus dá bharr sin go gcuireann siad muinín iomlán i ndaoine eile. Mar thoradh air sin, d'fhéadfadh baol níos mó a bheith ann go bhfulaingeoidh na scoláirí sin iompraíocht bhulaíochta.

D'fhéadfadh scoileanna breithniú a dhéanamh ar chomhdhéanamh a bpobail scoile nuair atá daoine a bh'fhéadfadh baol níos mó a bheith ann go bhfulaingeoidís iompraíocht bhulaíochta ionas gur féidir straitéisí coisctheacha a oiriúnú chun tacú le scoláirí atá i mbaol. D'fhéadfaidís seo a leanas a bheith san áireamh i ngrúpaí atá i mbaol:

- Scoláirí a bhfuil riachtanais bhreise foghlama acu.
- Scoláirí atá faoi mhíchumas.
- Scoláirí a thagann ó chúlra a bhaineann le mionlach eitneach agus scoláirí ó chúlra imirceach.
- Scoláirí atá ina mbaill de phobail an Lucht Siúil nó na Romach.
- Scoláirí a léiríonn iad féin mar leispiach, aerach, déghnéasach, trasinscneach agus aiteach (LADTA+).
- Scoláirí a chleachtann nó a léiríonn creidimh reiligiúnach.
- Scoláirí atá gan dídean.
- Scoláirí a bhfuil fadhbanna sláinte nó meabhairghalair acu.

## 3.4 An tionchar atá ag iompraíocht bhulaíochta a fheiceáil ag tarlú

I gcás go bhfeiceann scoláirí iompraíocht bhulaíochta ag tarlú, d'fhéadfadh an tionchar céanna a bheith aige sin orthu agus a bheadh ag iompraíocht bhulaíochta orthu siúd a fhulaingíonn í.[17] D'fhéadfadh sé go mbeadh faitíos ar na scoláirí sin insint do dhuine ar bith faoi mar ar fhaitíos n-imreofaí díoltas orthu nó go ndéanfaidís an scéal níos measa.

D'fhéadfadh scoláirí a fheiceann iompraíocht bhulaíochta ag tarlú mothú ciontach nó imníoch de bhrí nár chabhraigh siad leis an scoláire a raibh an iompraíocht bhulaíochta á fulaingt aige/aici. Mar shampla, d'fhéadfadh sé go mothóidís leochaileach, go háirithe i gcás iompraíocht bhulaíochta atá ciníoch nó bunaithe ar fhéiniúlacht má bhaineann siad féin leis an gcine nó leis an bhféiniúlacht chéanna leis an scoláire a bhfuil an iompraíocht á fulaingt aige/aici.

## 3.5 An tionchar atá ag rannpháirtíocht in iompraíocht bhulaíochta

D'fhéadfadh sé go mbeadh tionchar diúltach ag an iompraíocht orthu siúd a bhíonn rannpháirteach in iompraíocht bhulaíochta. D'fhéadfadh sé go mbeadh iompraíocht bhagrach á léiriú acu siúd a théann i mbun iompraíocht bhulaíochta agus go léireoidís gnóthachtáil acadúil níos ísle.[18] Is minic nach dtuigeann scoláirí a léiríonn iompraíocht bhulaíochta an tionchar atá ag a gcuid gníomhaíochtaí agus d'fhéadfadh sé nach mbeadh aon chomhbhá acu. D'fhéadfaidís freagracht a sheachaint agus a gcuid gníomhaíochtaí a shéanadh nó a bheag a dhéanamh díobh nuair a thugtar aghaidh orthu.

Go fadtéarmach, d'fhéadfadh sé go mbeadh sé deacair ar na scoláirí sin caidreamh fadtéarmach a bhunú agus d'fhéadfaidís mothúcháin scoiteachta agus dúlagair a léiriú.[19]


D'fhéadfadh an taithí saoil atá ag roinnt scoláirí a bheith mar chúis le scoláirí dul i mbun iompraíocht bhulaíochta. D'fhéadfadh sé gur fhoghlaim roinnt de na scoláirí a théann i mbun iompraíochta bulaíochta dearcthaí agus iompraíochtaí a bhaineann dá gcumas iad féin a imeascadh ina bpiarghrúpa. D'fhéadfadh sé go bhfuil easpa féinmheasa nó easpa muiníne ag cur as dóibh nó go ndearnadh bulaíocht orthu féin. D'fhéadfadh sé freisin go léireodh scoláirí iompraíocht bhulaíochta nó go rachaidís ina bun de bharr aineolais nóde bhrí go bhfuil siad míchompordach leis an éagsúlacht a bhaineann le scoláire eile, de réir mar a mheasann siad.

17 Doumas , D.M., Midgett, A.,Watts, A.D. (2019). The Impact of a Brief, Bullying Bystander Intervention on Internalizing Symptoms: Is Gender a Moderator of Intervention Effects? School Psychology International, iml40 uimh3 lch275-293 Meith

18 Rodkin, P.C., Espelage, D.L., & Hanish, L. (2015). A Gendered, Relational Framework for Understanding Bullying: Developmental Antecedents and Outcomes, American Psychologist, Leathanaigh 70, 311–321.

19 Sigurdson, J.F, Wallander, J., Sund, A.M. (2014) Is involvement in school bullying associated with general health and psychosocial adjustment outcomes in adulthood?, Child Abuse & Neglect, Imleabhar 38, Eagrán 10; Wolke, D. & Lereya, S.T. 2015. Tionchar fhadtéarmacha na bulaíochta Archives of Disease in Childhood, Imleabhar 100.

# 4 | Polasaí Bí Cineálta na Scoile chun Iompraíocht Bhulaíochta a Chosc agus Dul in nGleic léi



## 4.1 Polasaí Bí Cineálta chun Iompraíocht Bhulaíochta a Chosc agus Dul in nGleic léi

Níl iompraíocht bhulaíochta inghlactha, agus ba cheart é sin a chur in iúl do gach ball de phobal na scoile. San áireamh i bpobal na scoile tá an bord bainistíochta, baill foirne, scoláirí agus a dtuismitheoirí. Tá sé de fhreagracht ar phobal na scoile oibriú i gcomhar chun iompraíocht bhulaíochta a chosc agus dul i ngleic léi agus déileáil leis an tionchar diúltach atá ag iompraíocht bhulaíochta.

Ní mór do gach scoil polasaí Bí Cineálta a fhorbairt agus a fheidhmiú, ar polasaí é ina leagtar amach an chaoi a gcoisceann pobal na scoile iompraíocht bhulaíochta agus a dtéann sé i ngleic léi.

Ba cheart do scoileanna plé a dhéanamh le pobal a scoile chun a bpolasaí a fhorbairt agus a athbhreithniú. Ba cheart ábhar an pholasaí a chur in iúl do phobal na scoile agus don phátrún agus ba cheart é a fhoilsiú ar shuíomh gréasáin na scoile.

Ní mór go mbeadh an t-eolas seo a leanas i bpolasaí Bí Cineálta na scoile:

> Ráiteas ar thiomantas na scoile maidir le hiompraíocht bhulaíochta a chosc agus dul i ngleic léi.

> Ráiteas ina n-admhaítear go gcuireann iompraíocht bhulaíochta as do chearta an linbh.

> Bunmhíniú ar iompraíocht bhulaíochta mar a thugtar i gCuid 2.1 de na gnásanna seo.

> Conas a chuaigh an scoil i mbun plé le pobal na scoile chun an polasaí a fhorbairt.

> Conas a chuaigh an scoil i mbun plé le pobal na scoile chun an polasaí a athbhreithniú.

> Conas a choisceann an scoil iompraíocht bhulaíochta (bunaithe ar chaibidil 5 de na gnásanna seo).

> Conas a thacaíonn an scoil le scoláirí a fhulaingíonn, a fheiceann agus a léiríonn iompraíocht bhulaíochta.

> Cad a tharlaíonn nuair a dhéantar iompraíocht bhulaíochta a thuairisciú.

> An múinteoir (na múinteoirí) sa scoil atá freagrach as dul i ngleic le heachraí iompraíochta bulaíochta.*

> Bonas a dhéanfar maoirseacht ar iompraíocht bhulaíochta a bhainistiú.

> Conas a chuirfidh an scoil a polasaí Bí Cineálta in iúl.

* Cé go bhfuil freagracht ar gach ball foirne polasaí Bí Cineálta a scoile a chur i bhfeidhm, ní mór go léireodh polasaí Bí Cineálta na scoile go soiléir na múinteoirí sa scoil atá freagrach as dul i ngleic le hiompraíocht bhulaíochta. Ní gá ainm an mhúinteora (na múinteoirí) a thabhairt. Mar sin féin, ní mór go mbeadh sé sách soiléir cé hiad na múinteoirí sa scoil a bhfuil an fhreagracht sin orthu; mar shampla, ag leibhéal na bunscoile, d'fhéadfadh sé gurb é/í an múinteoir ranga a bheadh freagrach. Ag leibhéal na hiar-bhunscoile, d'fhéadfadh an fhreagracht a bheith ar bhall den fhoireann tacaíochta scoláire, ar cheann bliana nó ar an bpríomhoide tánaisteach.

Tá doiciméad teimpléid, **nach mór** do gach scoil í a úsáid mar bhonn chun a Polasaí Bí Cineálta a fhorbairt maidir le hiompraíocht bhulaíochta a chosc agus dul i ngleic léi in Aguisín A.

## 4.2 Leagan den Pholasaí Bí Cineálta maidir le hIompraíocht Bhulaíochta a Chosc agus Aghaidh a Thabhairt Uirthi atá oiriúnach do scoláirí

Ní mór do gach scoil leagan den Pholasaí Bí Cineálta maidir le hIompraíocht Bhulaíochta a Chosc agus Aghaidh a Thabhairt Uirthi atá oiriúnach do scoláirí agus sothuigthe a fhorbairt agus a fheidhmiú.


Ba cheart do scoileanna plé a dhéanamh le pobal a scoile chun an polasaí dá gcuid atá oiriúnach do scoláirí a fhorbairt agus a athbhreithniú. Ba cheart ábhar an pholasaí a chur in iúl do phobal na scoile agus ba cheart é a fhoilsiú ar shuíomh gréasáin na scoile.

Ba cheart go n-úsáidfí teanga sa pholasaí atá oiriúnach do scoláirí, ar teanga í a bhfuil sé éasca ag scoláirí agus ag tuismitheoirí í a thuiscint. D'fhéadfadh sé go gcinnfeadh scoileanna an doiciméad sin a aistriú go teangacha seachas Béarla chun tacú le scoláirí agus le tuisimitheoirí nach é an Béarla a dteanga dhúchais.

Ba cheart an polasaí atá oiriúnach do scoláirí a chur ar taispeáint in áit inar féidir le scoláirí agus tuismitheoirí é a fheiceáil – mar shampla ag leibhéal súl na scoláirí i seomraí ranga, in ionad fáiltithe na scoile, i ndialanna na scoláirí. Ba cheart do scoileanna an polasaí sin a chur in iúl le léirithe gearra nó é a chur i gcló mar bhileog nó mar dháileán agus é a phlé ag tionóil scoile nó sa rang.

Tá doiciméad teimpléid don pholasaí atá oiriúnach do scoláirí ar fáil in Aguisín B. Féadfaidh scoileanna an doiciméad teimpléid sin a úsáid mar bhonn dá bpolasaí atá oiriúnach do scoláirí agus é a leasú dá réir sin.





# 5 | Iompraíocht Bhulaíochta a Chosc



Sa *Ráiteas Polasaí Folláine agus Creat Cleachtais* tugtar na ceithre phríomhréimse seo a leanas atá thar a bheith riachtanach do chur chuige iomlánaíoch, scoile uile maidir le folláine a chur chun cinn: Cultúr agus Timpeallacht; Curaclam (Teagasc agus Foghlaim); Polasaí agus Pleanáil agus Caidreamh agus Comhpháirtíochtaí.

Ba cheart do scoil na ceithre réimse sin a bhreithniú nuair atá bearta á breithniú aici chun iompraíocht bhulaíochta a chosc.

## 5.1. Cultúr agus Timpeallacht

Tá cultúr agus timpeallacht scoile atá dearfach agus ionchuimsitheach fíor-riachtanach chun iompraíocht bhulaíochta a chosc agus dul i ngleic léi. Ba cheart go mbeadh timpeallacht na scoile ina spás ina mothaíonn scoláirí agus baill foirne na scoile muintearas agus ina mothaíonn siad go bhfuil siad sábháilte, nasctha agus go bhfuil tacaíocht á fáil acu.

Ba cheart go mbeadh an caidreamh idir gach ball de phobal na scoile bunaithe ar mheas, cúram, ionracas agus muinín. Cabhraíonn cumarsáid oscailte idir an pátrún, boird bhainistíochta, foirne scoile, scoláirí agus a dtuismitheoirí chun cur chuige i gcomhar agus freagrachtaí comhroinnte a chothú maidir le hiompraíocht bhulaíochta a chosc agus dul i ngleic léi.

Téann foireann ceannaireachta na scoile i gcion ar chultúr na scoile agus leagann sí síos na caighdeáin agus na hionchais do phobal na scoile nuair atáthar ag cosc iompraíocht bhulaíochta agus ag dul i ngleic léi.

Tá sé de fhreagracht ar gach ball de phobal na scoile cultúr scoile nach bhfuil aon ghlacadh le hiompraíocht bhulaíochta ann a fhorbairt agus a choinneáil agus cur chuige seasmhach a ghlacadh i dtaca le dul i ngleic le hiompraíocht bhulaíochta.

Féadann scoláirí cultúr na scoile a mhúnlú trí chineáltas agus ionchuimsitheacht a chur chun cinn laistigh dá bpiarghrúpa agus timpeallacht scoile atá dearfach agus tacúil do chách a choinneáil.

Mar chomhpháirtithe gníomhacha in oideachas a linbh, féadann tuismitheoirí cabhrú chun timpeallacht a chothú nach bhfuil aon ghlacadh le bulaíocht inti má chuireann siad comhbhá agus meas chun cinn.

### Timpeallacht atá báúil le Sceitheadh Eolais

Tá sé tábhachtach go dtacódh pobal na scoile le timpeallacht atá báúil le sceitheadh eolais.

De réir taighde a rinneadh in Éirinn, tá claonadh leanúnach ann gan eachtraí bulaíochta a thuairisciú[20]. Ba cheart go mbeadh scoláirí ar a gcompord ag caint faoi ábhair imní maidir le hiompraíocht bhulaíochta.

I measc na gcúiseanna go mb'fhéidir nach ndéanfadh scoláirí tuairisciú tá:

> Eagla go mbainfeadh an scoláire a bhfuil an iompraíocht bhulaíochta á léiriú aige/aici nó a ngrúpa cairdis díoltas amach.

> Imní go bhféachfaí air/uirthi mar "sceithire" dá ndéanfadh sé/sí iompraíocht bhulaíochta a thuairisciú.

20 Foody, M. Samara, M., O'Higgins Norman, J (2017) Bullying and cyberbullying studies in the school-aged population on the island of Ireland: A meta-analysis Bullying and cyberbullying studies in the school-aged population on the island of Ireland: A meta-analysis - Foody - 2017 - British Journal of Educational Psychology - Wiley Online Library.

- Eagla go ndéanfadh an duine fásta an scéal níos measa.
- Eagla nach bhfuil an t-eolas ná na scileanna ag an duine fásta chun dul i ngleic go sásúil leis an iompraíocht bhulaíochta.
- Eagla go gcoiscfeadh an duine fásta rochtain ar a bhfón cliste.
- Gan a fhios acu cad a tharlóidh nuair a dhéanfaidh siad iompraíocht bhulaíochta a thuairisciú.
- Eagla nach gcreidfear iad.
- Imní "go mbeidh siad i dtrioblóid" as ucht iompraíocht bhulaíochta a thuairisciú.
- Gan aon fhianaise chun tacú leis an líomhain maidir le hiompraíocht bhulaíochta, is féidir é sin a fheiceáil go háirithe i gcás iompraíocht bhulaíochta caidrimh.

Ba cheart go gcuirfeadh scoileanna na cúiseanna sin gan tuairisciú a dhéanamh san áireamh nuair atá a gcuid straitéisí maidir le hiompraíocht bhulaíochta a chosc agus dul i ngleic léi á bhforbairt acu. Ba cheart go mbeadh scoileanna ina dtimpeallachtaí sábháilte ina spreagtar tuairisciú ar iompraíocht bhulaíochta.

## Duine Fásta Iontaofa

Is féidir leis an gcoincheap a bhaineann le "duine fásta iontaofa" a bheith ina straitéis éifeachtach chun scoláirí a spreagadh le tuairisciú a dhéanamh má tá an scoláire féin nó scoláire eile ag fulaingt na hiompraíochta bulaíochta. D'fhéadfadh baill foirne tacú leis an straitéis sin má thugann siad le fios do scoláirí go bhféadfaidh siad labhairt leo.

Ba cheart go dtabharfaí tacaíocht do scoláirí a fheiceann iompraíocht bhulaíochta agus go spreagfaí iad chun an iompraíocht a thuairisciú do dhuine fásta iontaofa ionas gur féidir dul i ngleic leis an iompraíocht. Tá ról tábhachtach ag scoláirí a fheiceann iompraíocht bhulaíochta ar na meáin shóisialta maidir le cúnamh a thabhairt chun dul i ngleic leis an iompraíocht má thuairiscíonn siad an iompraíocht do dhuine fásta iontaofa.

Ba cheart go gcuirfeadh an duine fásta iontaofa an scoláire ar a s(h)uaimhneas agus a rá go raibh an ceart ag an scoláire an iompraíocht a thuairisciú. Ba cheart go gcuirfeadh an duine fásta iontaofa an ball foirne atá freagrach as dul i ngleic le hiompraíocht bhulaíochta ar an eolas, gan mhoill. Ag leibhéal na bunscoile, d'fhéadfadh sé gurb é/í an múinteoir ranga an duine sin. Ag leibhéal na hiar-bhunscoile, d'fhéadfadh sé go mbeadh an ról sin ag an bpríomhoide tánaisteach, ag an gceann bliana nó ag duine den fhoireann tacaíochta scoláire. Mura bhfuiltear cinnte cé ba cheart a chur ar an eolas, ba cheart don duine fásta iontaofa é a chur in iúl don phríomhoide nó don phríomhoide tánaisteach. Ba cheart go leanfadh an duine fásta iontaofa ar aghaidh ag tabhairt tacaíochta don scoláire, fad atá an ball foirne cuí ag dul i ngleic leis an iompraíocht.

## Spásanna fisiciúla sábháilte a chruthú i scoileanna

Tacaíonn cruthú spásanna fisiciúla sábháilte le sábháilteacht shíceolaíocht agus is beart tábhachtach é chun iompraíocht bhulaíochta a chosc. Tá sé níos éasca d'fhoirne scoile maoirseacht a dhéanamh ar scoláirí i spásanna atá infheicthe go soiléir. D'fhéadfadh sé gur mó an seans go dtarlóidh iompraíocht bhulaíochta i limistéir amhail spásanna atá folaithe i

bpasáistí, timpeall ar staighrí agus i gclós na scoile. Ba cheart don scoil breithniú a dhéanamh ar fheiceálacht a mhéadú sna limistéir sin agus chuige sin d'fhéadfaí scátháin a úsáid, toir a chur ionas nach mbeidh scoláirí ag bailiú sna limistéir sin nó maoirseacht a mhéadú.

D'fheádfadh scoileanna na bearta seo a leanas a dhéanamh chun spásanna fisiciúla sábháilte a chruthú:

> A chinntiú go bhfuil soilsiú maith ann chun cúinní nó spásanna dorcha a sheachaint.

> Bacainní amhairc amhail póstaeir a bhaint d'fhuinneoga.

> Scátháin a shuiteáil chun feiceálacht a fheabhsú agus caochspotaí a laghdú.

> Feiceálacht na mball foirne atá i mbun maoirseachta ag amanna sosa a fheabhsú lena n-áirítear le linn dualgas clóis.

> Is féidir le múrphictiúir, saothair ealaíne agus comharthaíocht cúnamh a thabhairt do scoileanna chun luachanna na scoile, amhail comhionannas, éagsúlacht, ionchuimsitheacht agus meas a chur chun cinn.

Is féidir le scoláirí an-mhuintearas a bhrath i bpobal scoile nuair a thugtar úinéireachta dóibh ar a spás féin trí ealaín agus cruthaitheacht[21]. Cuidíonn sé sin le scoláirí a mhothú go bhfuil siad nasctha le timpeallacht na scoile agus freagrach aisti. Cabhraíonn sé freisin le cothú an mhuintearais má tá spásanna i gcomhair foghlaim i gcomhar san áireamh i scoileanna. Tá sé tábhachtach go mbeadh tailte na scoile i gcóir mhaith chun braistint úinéireachta agus measa a chur chun gcinn i bpobal na scoile.




21 Danko, S., Evans G., & Platten Killeen J., (2003). The Role Of Permanent Student Artwork In Students' Sense Of Ownership In An Elementary School. *Environment and Behaviour* (2):250–263.

### Maoirseacht

Beart tábhachtach is ea maoirseacht chuí chun cabhrú le hiompraíocht bhulaíochta a chosc agus dul i ngleic léi. Tá sé de dhualgas ar scoileanna gach beart réasúnach a dhéanamh chun sábháilteacht a gcuid scoláirí a chinntiú agus maoirseacht a dhéanamh ar scoláirí nuair atá scoláirí ag freastal ar an scoil nó ar imeachtaí scoile.

Cuireann roinnt scoileanna meascán de ghníomhaíochtaí eagraithe ar fáil le linn amanna sosa agus spreagtar scoileanna chun leanúint ar aghaidh leis sin le freastal a dhéanamh ar réimse roghanna agus ábhair spéise.

## 5.2 Curaclam (Teagasc agus Foghlaim)

Ba cheart teagasc agus foghlaim atá comhoibríoch agus measúil a chur chun cinn. Ba cheart go mbeadh deiseanna rialta ag scoláirí oibriú i ngrúpaí beaga lena bpiaraí, rud a d'fhéadfadh cabhrú le braistint nascachta, muintearais agus comhbhá a fhorbairt i measc scoláirí.

Cuireann na hábhair churaclaim a sholáthraítear do scoláirí deiseanna ar fáil chun ionchuimsitheacht agus meas ar an éagsúlacht a chothú. Spreagtar scoileanna chun deiseanna a sholáthar do scoláirí chun forbairt a dhéanamh ar a mbraistint go bhfuil fiúntas ag baint leo trí chláir churaclaim agus sheach-churaclaim.

Tá sé mar aidhm ag na curaclaim don Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte (OSPS) agus don Oideachais Caidrimh agus Gnéasachta (OCG) ag leibhéal na bunscoile folláine, féinmhuinín agus muintearas scoláirí a chothú agus braistint freagrachta pearsanta na scoláirí a fhorbairt maidir lena n-iompraíocht agus lena ngníomhaíochtaí féin. Is féidir scileanna maidir le foghlaim shóisialta agus mhothúchánach (SEL) na scoláirí a fheabhsú le curaclam OSPS. Tá sampla de na hacmhainní is féidir a úsáid mar chuid de theagasc OSPS san áireamh sa Treoir Acmhainní atá ag dul leis na gnásanna seo.

Ag leibhéal na h-iarbunscoile, tá sé mar aidhm ag sonraíochtaí nuashonraithe OSPS cabhrú le scoláirí braistint go bhfuil siad cumasaithe chun caidreamh measúil agus sláintiúil a chruthú, a chothú agus a choinneáil leo féin agus le daoine eile. Chomh maith leis sin, cuireann snáithe OGC na sonraíochta spás ar fáil do scoláirí iar-bhunscoile chun caidreamh agus gnéasacht an duine a iniúchadh agus a bhreithniú agus dá bharr sin tuiscint ar éagsúlacht a chothú, rud a d'fhéadfadh bulaíocht bunaithe ar ghnéas agus ar fhéiniúlacht a laghdú chomh maith le gnéasachas agus ciapadh gnéasach.

Is féidir le scoláirí breithniú a dhéanamh freisin ar éagsúlacht agus ar ionchuimsitheacht trí shonraíochtaí/shiollabas an Oideachais Reiligiúnaigh ón gComhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta. Chomh maith leis sin is féidir taithí a fháil ar éagsúlacht agus inchuimsitheacht trí Churaclaim na bPártrún. San Oideachas Saoránach, Sóisialta agus Polaitiúil (OSSP) dírítear ar idirspleáchas daoine i bpobail agus ag na leibhéil náisiúnta agus idirnáisiúnta. Is féidir an Stair, agus sa tSraith Shinsearach an Pholaitíocht agus an tSochaí a úsáid chun feasacht ar chiníochas agus ar choilíneachas a mhúscailt. Má dhéanann siad iniúchadh ar shamplaí stairiúla agus comhaimseartha d'idirdhealú ciníoch agus oidhreachtaí coilíneacha, is féidir le scoláirí tuiscint a fhorbairt ar na bunchúiseanna atá le claontacht agus réamhchlaontacht. Tá acmhainní agus ábhair ar fáil freisin chun tacú le cultúr agus stair an Lucht Siúil a chuimsiú i ngach réimse den churaclam.

Féach an Treoir Acmhainní atá ag dul leis an gnásanna seo.

## 5.3 Polasaí agus Pleanáil

Ba cheart go mbeadh folláine phobal na scoile ag croílár pholasaithe agus phleananna na scoile. I gcaibidil 4, tugtar sonraí maidir leis na riachtanais a bhaineann le polasaí Bí Cineálta scoile agus leis an bPolasaí Bí Cineálta atá oiriúnach do scoláirí chun iompraíocht bhulaíochta a chosc agus dul i ngleic léi.

Tá réimse de pholasaithe eile ann, amhail an polasaí úsáide inghlactha, an polasaí maoirseachta, an polasaí teagaisc oideachais speisialta agus an C atá ag an scoil a d'fhéadfadh tacú le polasaí Bí Cineálta na scoile a fheidhmiú.

Má thugtar tacaíocht do rannpháirtíocht na scoláirí i bhforbairt agus i bhfeidhmiú pholasaithe na scoile, d'fheádfadh sé sin a bheith fóinteach maidir le feasacht a mhúscailt agus feidhmiú éifeachtach a chinntiú.

D'fhéadfadh rannpháirtíocht i gcúrsaí oiriúnacha um Fhoghlaim Ghairmiúil Múinteoirí tacú le foirne scoile i dtaca le hiompraíocht bhulaíochta a chosc agus dul i ngleic léi. Ba cheart d'fhoirne scoile a dtaithí féin agus samplaí den dea-chleachtas a roinnt. Tá réimse de chúrsaí oiliúna ar fáil d'fhoirne scoile a bhaineann le hionchuimsitheacht agus éagsúlacht a chur chun cinn i scoileanna.

Féach an Treoir Acmhainní atá ag dul leis an gnásanna seo.

## 5.4 Caidreamh agus Comhpháirtíochtaí

Tá naisc láidre idirphearsanta thar a bheith tábhachtach chun iompraíocht bhulaíochta a chosc agus dul i ngleic léi go héifeachtach. Tugann réimse de struchtúir fhoirmiúla agus neamhfhoirmiúla amhail comhairlí scoláirí, clubanna scoile, cumainn tuismitheoirí agus foirne tacaíochta scoláirí tacaíocht do na naisc idirphearsanta sin.

D'fhéadfaí a mheas go ndéanann siad seo a leanas, nach liosta uileghabhálach é, caidreamh agus comhpháirtíochtaí a neartú idir baill de phobal na scoile:

> Tionscnaimh feasachta atá aoisoiriúnach agus a fhéachann ar na cúiseanna atá le hiompraíocht bhulaíochta agus an tionchar atá aici, lena n-áirítear iad siúd a théann i ngleic le cairdeas a stiúradh, bulaíocht bunaithe ar fhéiniúlacht, bulaíocht chiníoch, bulaíocht homafóbach/trasfhóbach, gnéasachas agus ciapadh gnéasach.

> Tacú le rannpháirtíocht ghníomhach scoláirí i saol na scoile.

> Tacú le rannpháirtíocht ghníomhach tuismitheoirí i saol na scoile, lena n-áirítear iad siúd a bhféadfadh sé a bheith deacair nó dúshlánach dóibh dul i mbun plé leis an scoil de bhrí nach bhfuil eolas acu ar an gcóras oideachais nó de bharr bacainní teanga nó cultúrtha.

> Ceardlanna nó seimineáir a reáchtáil do scoláirí, foirne scoile agus tuismitheoirí chun feasacht ar thionchar na bulaíochta a mhúscailt.

> Tacú le gníomhaíochtaí a fhorbraíonn comhbhá, meas agus teacht aniar.

> Tacaíocht piaraí amhail meantóireacht piaraí a spreagadh.

> Gníomhartha cineálta a chur chun cinn.

> Fadhbréiteach a theagasc.

> Díospóireachtaí a óstáil.

In *Cineáltas: Plean Gníomhaíochta ar an mBulaíocht*, aithnítear an tábhacht a bhaineann le caidreamh dearfach ar fud phobal uile an oideachais chun comhbhá, tuiscint agus meas a chur chun cinn. Tá sé fíorthábhachtach go mbeadh an bord bainistíochta, an fhoireann, na scoláirí agus a dtuismitheoirí páirteach ar bhealach fiúntach i bhforbairt, feidhmiú agus athbhreithniú pholasaí Bí Cineálta a scoile chomh maith leis an bpolasaí atá oiriúnach do scoláirí chun iompraíocht bhulaíochta a chosc agus dul i ngleic léi ar bhealach éifeachtach.

## Cineálacha sonracha iompraíochta bulaíochta a chosc

Ba cheart a thabhairt faoi deara go bhfuil éagsúlacht de straitéisí coisctheacha ann ar féidir iad a chur i bhfeidhm. Is féidir le Foireann Tacaíochta Scoláirí na scoile tacú le forbairt, feidhmiú agus athbhreithniú straitéisí na scoile chun iompraíocht bhulaíochta a chosc. Nuair atá straitéis choisctheach á feidhmiú ba cheart do scoileanna breithniú a dhéanamh ar dhul in mbun plé le baill de phobal na scoile i gcoitinne a mbíonn teagmháil rialta acu le scoláirí, amhail iad seo a leanas, nach liosta uileghabhálach é.

- Tiománaithe busanna scoile.
- Oifigigh leasa oideachais.
- Oifigigh teagmhála baile, scoile agus an phobail.
- Oibrithe tionscadail críochnaithe scoile.
- Oibrithe oideachais an Lucht Siúil agus na Romach.
- Maoir thráchta.
- Gnólachtaí áitiúla atá gar don scoil.

Is féidir na baill sin den phobal scoile i gcoitinne a spreagadh chun iompraíocht bhulaíochta ar bith a thuairisciú don scoil de réir mar is cuí.



## 5.5 Iompraíocht Chibearbhulaíochta a Chosc

Chuir teicneolaíocht agus na meáin shóisialta go leor deiseanna dearfacha ar fáil le haghaidh siamsaíochta, rannpháirtíocht shóisialta agus oideachais. Is cuid den saol í an teicneolaíocht a d'fhéadfadh dul i bhfeidhm ar na baill is óige den tsochaí fiú. Mar sin féin, tá scoláirí ag éirí níos leochailí maidir le cibearbhulaíocht nó iompraíocht nach bhfuil inghlactha ar líne mar gheall ar an méadú ar úsáid na teicneolaíochta.

Ba cheart do scoileanna dul i ngleic go réamhghníomhach leis na dúshláin seo trí inniúlacht dhigiteach agus saoránacht dhigiteach a chur chun cinn, agus timpeallachtaí sábháilte ar líne a chothú. I measc na straitéisí chun iompraíocht chibearbhulaíochta a chosc tá na nithe seo a leanas, nach liosta uileghabhálach é:

> An curaclam OSPS a chur i bhfeidhm.

> An curaclam um inniúlacht ar na meáin dhigiteacha a chur i bhfeidhm, ar curaclam é ina ndéantar scoláirí a theagasc faoi iompraíocht fhreagrach ar líne agus faoi shaoránacht dhigiteach.

> Comhráite rialta le scoláirí faoi chaidreamh atá measúil agus cineálta a chothú ar líne.

> Polasaí úsáide inghlactha don teicneolaíocht a fhorbairt agus a chur in iúl.

> Tagairt a dhéanamh d'iompraíocht chuí ar líne mar chuid de na caighdeáin iompraíochta sa Chód Iompair.

> Imeachtaí sábháilteachta ar líne a chur chun cinn nó a reáchtáil do thuismitheoirí atá freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí a leanaí ar líne.*

> Lá na sábháilteachta idirlín a reáchtáil chun feasacht a threisiú maidir le hiompraíocht chuí ar líne.

Is í aois an toilithe dhigitigh an aois íosta a chaithfidh úsáideoir a bheith sula bhféadfaidh cuideachta meán sóisialta nó idirlín a s(h)onraí a bhailiú, a phróiseáil agus a stóráil. In Éirinn is é 16 bliana d'aois aois an toilithe dhigitigh.

Chun críocha bailithe sonraí, ní mór cead tuismitheora a bheith ag scoláirí idir 13 bliana agus 16 bliana d'aois chun clárú le seirbhísí meán sóisialta i gcás ina n-úsáideann cuideachtaí bunús dlí an toilithe chun sonraí úsáideoirí a phróiseáil agus a stóráil. Tá íosriachtanas aoise ag formhór na n-ardán agus na seirbhísí meán sóisialta agus is é 13 bliana d'aois an t-íosriachtanas aoise d'fhormhór na seirbhísí sin. Mar sin, go teicniúil, níor cheart go mbeadh cuntas meán sóisialta ag leanaí faoi bhun 13 bliana d'aois.

Tá sé tábhachtach do shábháilteacht a linbh, go mbeadh tuismitheoirí ar an eolas faoin úsáid atá á baint ag a leanbh as an teicneolaíocht, lena n-áirítear fóin chliste agus consóil cluichí.

* Forbraíodh acmhainní chun tacú le tuismitheoirí agus cumainn tuismitheoirí ar mian leo cóid dheonacha a fhorbairt maidir le húsáid fón cliste i measc leanaí bunscoile. Tá siad seo ar fáil sa Treoir Acmhainní a ghabhann leis na gnásanna seo.

## 5.6 Iompraíocht Bulaíochta Homafóbaí/Trasfóbaí a chosc

Tá sé de cheart ag gach scoláire lena n-áirítear scoláirí aeracha, leispiacha, déghnéasacha agus trasinscne a mhothú go bhfuil siad sábháilte agus go bhfuil tacaíocht á fáil acu ar scoil.

I measc na straitéisí chun iompraíocht bulaíochta homafóbaí agus trasfóbaí a chosc tá na nithe seo a leanas, nach liosta uileghabhálach é:

> Timpeallacht fhisiciúil ionchuimsitheach a chothú agus a choinneáil , amhail póstaeir ábhartha a chur ar taispeáint.

> Tacaíocht piaraí a spreagadh amhail piarmheantóireacht agus gníomhaíochtaí a chothaíonn comhbhá.

> Steiréitíopaí inscne a cheistiú.

> Ceardlanna agus seimineáir a reáchtáil do scoláirí, d'fhoireann na scoile agus do thuismitheoirí chun feasacht a mhúscailt ar thionchar na hiompraíochta bulaíochta homafóbaí.

> Spreagadh a thabhairt do scoláirí labhairt amach nuair a fheiceann siad iompraíocht homafóbach ag tarlú.

## 5.7 Iompraíocht Bulaíochta Ciníche a Chosc

Tá scoileanna i bhfad níos éagsúla ó thaobh cultúir de le blianta beaga anuas. Tagann scoláirí a fhreastalaíonn ar scoileanna ó mhórán cultúr agus cúlraí éagsúla. D'fhéadfadh sé go ndéanfaí leithcheal ar scoláirí ó chúlraí éagsúla agus go mbeadh daoine réamhchlaonta ina n-aghaidh agus go léireofaí iompraíocht bulaíochta ciníche ina leith.

I measc na straitéisí chun iompraíocht bulaíochta ciníche a chosc tá na nithe seo a leanas, nach liosta uileghabhálach é:

> Cultúr scoile a chothú ina ndéantar an éagsúlacht a cheiliúradh agus ina "bhfeiceann daltaí iad féin" ina dtimpeallacht scoile.

> Éagsúlacht na scoile ó thaobh cultúir de a bheith sofheicthe agus ar taispeáint.

> Ceardlanna agus seimineáir a reáchtáil do scoláirí, d'fhoireann na scoile agus do thuismitheoirí chun feasacht ar chiníochas a mhúscailt.

> Tacaíocht piaraí a spreagadh amhail piarmheantóireacht agus gníomhaíochtaí a chothaíonn comhbhá.

> Breathnóirí a spreagadh chun tuairisc a thabhairt nuair a fheiceann siad iompraíocht chiníoch.

> Tacaíochtaí a sholáthar d'fhoireann na scoile chun freagairt do riachtanais scoláirí ar teanga bhreise é an Béarla dóibh agus chun cumarsáid a dhéanamh lena dtuismitheoirí

> Tacaíochtaí a sholáthar d'fhoireann na scoile chun tacú le scoláirí ó mhionlaigh eitneacha, lena n-áirítear scoláirí ó phobal an Lucht Siúil agus na Romach, agus chun cumarsáid a spreagadh lena dtuismitheoirí.

> Cuireadh a thabhairt do chainteoirí ó chúlraí eitneacha éagsúla.[22]

> A chinntiú go léirítear in ábhar léitheoireachta na leabharlainne agus na dtéacsleabhar

22 Ba cheart do scoileanna féachaint ar Chiorcláin 0042/2018 agus 0043/2018 chun treoir a fháil maidir le húsáid a bhaint as cláir agus éascaitheoirí seachtracha chun folláine a chur chun cinn. https://circulars.gov.ie/pdf/circular/education/2018/42.pdf

taithí saoil chuí scoláirí agus daoine fásta ó chúlraí náisiúnta, eitneacha agus cultúir éagsúla.

## 5.8 Iompraíocht Bulaíochta Gnéasaí a Chosc

Ba chóir do scoileanna díriú ar chomhionannas inscne mar chuid de bhearta na scoile chun timpeallacht thacúil agus mheasúil a chruthú

I measc na straitéisí chun iompraíocht bulaíochta gnéasaí a chosc tá na nithe seo a leanas, nach liosta uileghabhálach é:

> A chinntiú go léiríonn baill foirne iompraíocht mheasúil agus go gcaitheann siad le scoláirí ar an mbealach céanna beag beann ar a n-inscne.
> A chinntiú go bhfuil na deiseanna céanna ag gach scoláire páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí scoile beag beann ar a (h)inscne.
> An éagsúlacht a cheiliúradh ar scoil agus aitheantas a thabhairt do rannpháirtíocht gach scoláire.
> Feachtais chun feasacht a mhúscailt, ceardlanna agus cuir i láthair a eagrú ar chomhionannas inscne agus meas.
> Tuismitheoirí a spreagadh chun na luachanna seo a bhaineann le meas a threisiú sa bhaile.

## 5.9 Ciapadh gnéasach a Chosc

Chun ciapadh gnéasach a chosc, teastaíonn cur chuige dírithe ar oideachas, feasacht agus polasaithe atá soiléir agus infheidhmithe. Ní mór do scoileanna a shoiléiriú nach nglactar beag ná mór le ciapadh gnéasach. Níor cheart beag is fiú a dhéanamh den chiapadh gnéasach amhail gur magadh nó spochadh atá ann riamh.

I measc na straitéisí chun ciapadh gnéasach a chosc tá na nithe seo a leanas, nach liosta uileghabhálach é:


> An tsonraíocht nuashonraithe do OSPS ag leibhéal na hiar-bhunscoile a úsáid chun teagasc a thabhairt do scoláirí faoi chaidreamh atá sláintiúil agus faoi conas caitheamh lena chéile ar bhealach measúil agus cineálta.
> Eiseamláirí dearfacha a chur chun cinn laistigh de phobal na scoile.
> Steiréitíopaí inscne a d'fhéadfadh cur le ciapadh gnéasach a cheistiú.

Is féidir le scoileanna mórán de na straitéisí coisctheacha a liostaítear thuas a chur i bhfeidhm chun gach cineál iompraíochta bulaíochta a chosc.

Tá acmhainní chun tacú le scoileanna iompraíocht bhulaíochta a chosc ar fáil sa Treoir Acmhainní a ghabhann leis na gnásanna seo.



# 6 | Ag dul i ngleic le hIompraíocht Bhulaíochta



Ba cheart go mbeadh sé mar phríomhaidhm agus aghaidh á tabhairt ar thuairiscí ar iompraíocht bhulaíochta stop a chur leis an iompraíocht bhulaíochta agus, a oiread agus is féidir, an caidreamh idir na scoláirí atá i gceist a athbhunú.

D'fhéadfadh an treoir in Aguisín C a bheith úsáideach do scoileanna i dtaca le dul i ngleic le hiompraíocht bhulaíochta.

## 6.1. A aithint ar tharla nó nár tharla iompraíocht bhulaíochta

Agus an múinteoir ag aithint ar tharla nó nár tharla iompraíocht bhulaíochta ba chóir don mhúinteoir machnamh a dhéanamh ar na nithe seo a leanas: cad, cá háit, cathain agus cén fáth?

Má bhíonn grúpa scoláirí i gceist, ba chóir teagmháil a dhéanamh le gach scoláire ina (h)aonar ar dtús. Ina dhiaidh sin, ba chóir bualadh le gach scoláire atá i gceist mar ghrúpa.

Ag an gcruinniú grúpa, ba chóir go n-iarrfaí ar gach scoláire a c(h)untas féin ar ar tharla a thabhairt lena cinntiú go bhfuil gach duine sa ghrúpa soiléir faoi thuairimí a chéile. Ba chóir tacaíocht a thabhairt do gach scoláire de réir mar is cuí, i ndiaidh an chruinnithe ghrúpa. B'fhéidir go mbeadh sé ina chuidiú freisin a iarraidh ar na scoláirí atá i gceist a gcuntas ar an eachtra/na heachtraí a scríobh síos.

Leagtar amach critéir shoiléire do scoileanna maidir le hiompraíocht bhulaíochta a aithint faoin sainmhíniú ar an mbulaíocht i gCaibidil 2. D'fhéadfadh na ceisteanna atá in Aguisín C tuilleadh cuidithe a thabhairt do scoileanna maidir leis sin.

D'fhéadfadh eachtraí tarlú ina bhfuil iompraíocht mhíchuí agus ghoilliúnach i gceist nach iompraíocht bhulaíochta í. Déantar foráil i gCód Iompair na scoile do straitéisí chun déileáil le hiompraíocht mhíchuí nach iompraíocht bhulaíochta í.

## 6.2 Sa chás gur tharla iompraíocht bhulaíochta

Ba chóir go mbeadh a fhios ag baill foirne scoile cad ba cheart a dhéanamh nuair a thuairiscítear iompraíocht bhulaíochta dóibh nó nuair a fheiceann siad iompraíocht bhulaíochta. Ba chóir go ndéanfaí cur síos soiléir i bpolasaí Bí Cineálta na scoile agus sa pholasaí atá in oiriúint do scoláirí ar na bearta a dhéanfar nuair a thuairiscítear iompraíocht bhulaíochta. (Féach Caibidil 4).

Níltear ag súil go ndéileálfaidh scoil le hiompraíocht bhulaíochta a tharlaíonn nuair nach mbíonn scoláirí faoi chúram nó faoi fhreagracht na scoile. Sa chás go mbíonn tionchar ag an iompraíocht bhulaíochta sin ar scoil, áfach, tá iallach ar scoileanna tacú leis na scoláirí atá i gceist. I gcás go leanann an iompraíocht bhulaíochta ar aghaidh sa scoil, ba chóir do scoileanna déileáil leis de réir a bpolasaí Bí Cineálta.

Sa chás nach scoláire ón scoil an scoláire a léiríonn iompraíocht bhulaíochta ach gur scoláire ón scoil an scoláire a bhfuil iompraíocht bhulaíochta á fulaingt aige/aici, ba chóir don scoil tacaíocht a thabhairt don scoláire a bhfuil iompraíocht bhulaíochta á fulaingt aige/aici agus dul i mbun plé leis/léi agus leis na tuismitheoirí chun cinneadh a dhéanamh maidir leis na bearta is féidir a dhéanamh.

Tá sé tábhachtach go mbeadh foireann na scoile cóir agus seasmhach sa chur chuige chun dul i ngleic le hiompraíocht bhulaíochta. Teastaíonn tacaíocht ón scoláire a bhfuil iompraíocht bhulaíochta á fulaingt aige/aici agus ón scoláire a léiríonn an iompraíocht bhulaíochta araon. Tá sé tábhachtach go rachfaí i mbun plé leis an scoláire a bhfuil iompraíocht bhulaíochta á fulaingt aige/aici gan mhoill chun go mothódh sé/sí go bhfuil tacaíocht á fáil aige/aici, ar a s(h)uaimhneas, agus sábháilte. Ba chóir d'fhoireann na scoile na tacaíochtaí a theastaíonn ón scoláire a bhfuil iompraíocht bhulaíochta á léiriú aige/aici a aithint chun deacrachtaí gaolmhara a bhainistiú níos éifeachtaí agus chun a chinntiú go ndéantar freastal ar a riachtanais.

D'fhéadfadh laghdú teacht ar ghníomhaíocht nó ar bhraistint cumhachta scoláire nuair a fhulaingíonn sé/sí iompraíocht bhulaíochta nó nuair a fheiceann sé/sí í. Nuair a insíonn scoláire do dhuine fásta go measann sé/sí go bhfuil iompraíocht bhulaíochta á fulaingt aige/aici d'fhéadfadh sé go mbraithfidís go bhfuil beagáinín smacht á fháil aige/aici ar an gcás ina bhfuil sé/sí. Tá sé ríthábhachtach nach dtiocfadh laghdú ar ghníomhaíocht an scoláire arís má dhéanann duine fásta cinneadh maidir leis na bearta a dhéanfar gan éisteacht leis an scoláire agus gan páirt a thabhairt dó/di sa chinneadh faoi na bearta a ghlacfar.

Ní mór cloí leis na prionsabail seo a leanas agus aghaidh á tabhairt ar iompraíocht bhulaíochta:

> A chinntiú go n-éistear leis an scoláire a bhfuil iompraíocht bhulaíochta á fulaingt aige/aici agus go gcuirtear é/í ar a s(h)uaimhneas.

> Iarracht a dhéanamh príobháideacht na ndaoine atá i gceist a chinntiú.

> Gach comhrá a dhéanamh go híogair.

> Aois agus cumas na ndaoine atá i gceist a chur san áireamh.

> Éisteacht le tuairimí an scoláire a bhfuil iompraíocht bhulaíochta á fulaingt aige/aici maidir leis an mbealach is fearr chun dul i ngleic leis an gcás.

> Gníomhú go tráthúil.

> Tuismitheoirí na ndaoine atá i gceist a chur ar an eolas.*

*Is cuid lárnach de phobal na scoile iad tuismitheoirí agus tá ról tábhachtach acu, i gcomhpháirtíocht le scoileanna, maidir le dul i ngleic le hiompraíocht bhulaíochta. Sa chás gur tharla iompraíocht bhulaíochta, ní mór teagmháil a dhéanamh le tuismitheoirí na bpáirtithe atá i gceist go luath chun iad a chur ar an eolas maidir leis an gcás agus chun dul i gcomhairle leo faoi na bearta atá le déanamh chun dul i ngleic leis an iompraíocht mar atá leagtha amach i bpolasaí Bí Cineálta na scoile. I gcásanna ina léiríonn scoláire imní faoi na tuismitheoirí a bheith á gcur ar an eolas, ba chóir don scoil plean oiriúnach a cheapadh



chun tacú leis an scoláire agus maidir le conas a cuirfear a t(h)uismitheoirí ar an eolas. Ba chóir do scoileanna bacainní cumarsáide a d'fhéadfadh a bheith ann agus cumarsáid á déanamh le tuismitheoirí a chur san áireamh, mar shampla, bacainní litearthachta, inniúlachta digití nó bacainní teanga.

I bhfianaise chastacht na hiompraíochta bulaíochta glactar leis go ginearálta nach bhfuil aon chur chuige amháin a oibríonn go héifeachtach i ngach aon chás. Tá forbairt ag teacht ar thaighde sa réimse seo go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta agus tá athbhreithniú á dhéanamh i gcónaí ar éifeachtacht cur chuige áirithe. Ní mór do gach scoil mar sin an cur chuige is fearr a oireann dá cúinsí féin a chinneadh.

Níor chóir go mbainfí úsáid as cuir chuige amhail cleachtais aisiríocha agus eadráin chun dul i ngleic le hiompraíocht bhulaíochta ach amháin sa chás go bhfuil na múinteoirí a bheidh páirteach oilte i dtaobh na gcur chuige seo a úsáid agus gur thoiligh na scoláirí atá i gceist go n-úsáidfí iad. Chun a chinntiú go mbeidh pobal na scoile soiléir maidir le conas is féidir dul i ngleic le heachtraí iompraíochta bulaíochta, ní mór na cuir chuige a úsáidfidh an scoil a shonrú i bpolasaí Bí Cineálta na scoile. Tugtar breac-chuntas i gCuid 6.7 ar na tacaíochtaí atá ar fáil agus d'fhéadfadh sé go mbeadh an Treoir Acmhainní a ghabhann leis na gnásanna seo cabhrach.

## 6.3 Iarratais gan aon ghníomhaíochtaí a dhéanamh

D'fhéadfadh sé go n-iarrfadh scoláire a dhéanann iompraíocht bhulaíochta a thuairisciú ar bhall foirne gan aon rud a dhéanamh faoin iompraíocht seachas "faire amach" dó/di. D'fhéadfadh sé nach mbeadh an scoláire ag iarraidh go n'aithneofaí é/í mar dhuine a sceith eolas le duine éigin faoin iompraíocht bhulaíochta. D'fhéadfadh sé go gceapfadh sé/sí go n-éireodh cúrsaí níos deacra dó/di dá n-inseofaí an scéal do dhuine éigin. Sa chás sin, tá sé tábhachtach don bhall foirne comhbhá a léiriú leis an scoláire, déileáil leis an gcás go tuisceanach agus labhairt leis an scoláire chun a oibriú amach le chéile cad iad na bearta is féidir a dhéanamh chun dul i ngleic leis an gcás agus conas a cuirfear a t(h)uismitheoirí ar an eolas. Tá sé tábhachtach go mothódh an scoláire a d'fhulaing iompraíocht bhulaíochta sábháilte.

D'fhéadfadh tuismitheoirí freisin scoileanna a chur ar an eolas faoi iompraíocht bhulaíochta a tharla agus a iarraidh ar an scoil go sonrach gan aon ghníomhaíochtaí a dhéanamh. Ba chóir do thuismitheoirí an t-iarratas seo a dhéanamh chuig an scoil i scríbhinn nó ba chóir go n-éascófaí iad chun é sin a dhéanamh sa chás go bhfuil bacainní litearthachta nó inniúlachta digití nó bacainní teanga ann. Mar sin féin, agus iarratas an tuismitheora á chur san áireamh, d'fhéadfadh sé go gcinnfeadh scoileanna, ag brath ar na cúinsí, go bhfuil sé oiriúnach dul i ngleic leis an iompraíocht bhulaíochta.

## 6.4 A chinneadh an bhfuil deireadh leis an iompraíocht bhulaíochta

Ní mór dul i mbun plé leis na scoláirí atá i gceist agus lena dtuismitheoirí tráth nach faide ná 20 lá scoile tar éis na teagmhála tosaigh chun athbhreithniú a dhéanamh ar an dul chun cinn tar éis na hidirghabhála tosaigh. I measc na ngnéithe tábhachtacha ar fiú machnamh a dhéanamh orthu mar chuid den athbhreithniú tá cineál na hiompraíochta, éifeachtacht na straitéisí a úsáideadh chun dul i ngleic leis an iompraíocht bhulaíochta agus an caidreamh idir na scoláirí a bhí i gceist.

Fiú má tá deireadh leis an iompraíocht bhulaíochta, d'fhéadfadh sé go mbeadh maoirseacht agus tacaíocht leanúnach de dhíth ar an scoláire a d'fhulaing iompraíocht bhulaíochta agus

ar an scoláire a léirigh an iompraíocht araon. D'fhéadfadh sé roinnt ama a thógáil nó go mbeidh an caidreamh socair agus go mbeidh tionchar ag na tacaíochtaí. I gcásanna áirithe, d'fhéadfadh sé nach ndéanfar an caidreamh a athbhunú mar a bhí sé roimh an iompraíocht bhulaíochta riamh.

Mura mbeidh deireadh tagtha leis an iompraíocht bhulaíochta, ba chóir don mhúinteoir athbhreithniú a dhéanamh ar na straitéisí a úsáideadh i gcomhairle leis na scoláirí agus na tuismitheoirí agus aontú ar bhualadh le chéile arís thar thréimhse ama chomhaontaithe go dtí go dtiocfaidh deireadh leis an iompraíocht bhulaíochta.

Más léir go bhfuil an scoláire a bhfuil an iompraíocht bhulaíochta á léiriú aige/aici ag leanúint den iompraíocht a léiriú, ba chóir don scoil smaoineamh ar úsáid a bhaint as na straitéisí chun déileáil le hiompraíocht mhíchuí dá bhforáiltear i gCód Iompair na scoile. Má dhéantar breithniú ar phionóis smachta a úsáid, is ceist é seo idir an scoláire ábhartha, a t(h)uismitheoirí agus an scoil.

## 6.5 Iompraíocht bhulaíochta a thaifeadadh

Ba chóir gach eachtra iompraíochta bulaíochta a thaifeadadh. Ba chóir go ndéanfadh an taifead doiciméadú ar fhoirm (Cuid 2.5) agus ar chineál (Féach Cuid 2.7) na hiompraíochta bulaíochta, más eol sin, cá háit agus cathain a tharla sí agus dáta na teagmhála tosaigh leis na scoláirí agus a dtuismitheoirí.

Ba chóir go mbeadh tuairimí na scoláirí agus a dtuismitheoirí maidir leis na gníomhaíochtaí atá le déanamh chun dul i ngleic leis an iompraíocht bhulaíochta san áireamh sa taifead. Ba chóir go mbeadh doiciméadú ann ar an athbhreithniú le scoláirí agus a dtuismitheoirí chun a chinneadh an bhfuil deireadh leis an iompraíocht bhulaíochta agus tuairimí na scoláirí agus a dtuismitheoirí ina leith sin. Ba cheart freisin dáta gach ceann de na teagmhálacha seo a thaifeadadh agus an dáta ar cinneadh go bhfuil deireadh tagtha leis an iompraíocht bhulaíochta. Ba chóir aon teagmháil le seirbhísí/tacaíochtaí seachtracha a bhreacadh síos freisin.

Ba chóir na taifid seo a choinneáil i gcomhréir le polasaí um choimeád taifead na scoile agus ag teacht le rialacháin maidir le cosaint sonraí.

Sa chás go bhfuil Doiciméad Tacaíochta Scoláire ag scoláire, moltar do scoileanna cóip den taifead a chur le doiciméad tacaíochta an scoláire. Beidh sin ina chuidiú d'fhoireann tacaíochta scoláirí na scoile, nuair is ann di, maidir le freagairt chomhsheasmhach, iomlánaíoch a thabhairt i dtaobh tacú le folláine na scoláirí atá i gceist. Nuair is ann do Phlean Tacaíochta Scoláire, ba chóir an plean a nuashonrú chun straitéisí freagartha agus tacaíochtaí gaolmhara a chuimsiú.

## 6.6 An Próiseas Gearán

Mura bhfuil tuismitheoir sásta leis an gcaoi a ndeachaigh an scoil i ngleic leis an iompraíocht bhulaíochta, de réir na ngnásanna seo, ba chóir iad a atreorú chuig gnás gearán na scoile.

Tá eolas breise a bhaineann le gnásanna gearán na scoile ar fáil ag an nasc seo a leanas: Gnásanna Gearán do Scoileanna

Má tá tuismitheoir míshásta leis an gcaoi ar láimhseáladh gearán, féadfaidh an tuismitheoir gearán a dhéanamh leis an Ombudsman do Leanaí má chreideann sé/sí go raibh tionchar diúltach ag gníomhaíochtaí na scoile ar an scoláire.

Is féidir teagmháil a dhéanamh le hOifig an Ombudsman do Leanaí ag ococomplaint@oco.ie

## 6.7 Tacaíochtaí

Tá tacaíochtaí ar fáil chun cuidiú le hiompraíocht bhulaíochta a chosc agus dul i ngleic léi

Ina measc sin tá na nithe seo a leanas:

### An tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais (SNSO)

Cuireann an tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais (SNSO) de chuid na Roinne Oideachais seirbhís síceolaíochta chuimsitheach, scoilbhunaithe ar fáil do gach bunscoil agus iar-bhunscoil chun tacú le folláine agus le forbairt acadúil, shóisialta agus mhothúchánach gach scoláire. Is samhail sainchomhairleoireachta, bunaithe ar acmhainn a fhorbairt í samhail seirbhíse SNSO ina bhfuil cothromaíocht idir cásobair agus obair thacaíochta agus forbartha.

Tá na seirbhísí síceolaíochta a sholáthraíonn SNSO do scoláirí difreáilte ag brath ar an bhfuil rannpháirtíocht dhíreach an tsíceolaí leis an scoláire i gceist, ar a dtugtar Cásobair Dhíreach, nó an bhfuil an síceolaí ag obair trí mhúinteoirí nó trí mhúinteoirí/tuismitheoirí chun seirbhís síceolaíochta a sholáthar do scoláire, ar a dtugtar Cásobair Indíreach. Is féidir le foireann SNSO tacú le scoileanna maidir le fadhbanna a bhaineann leis an mbulaíocht tríd an seirbhís cásoibre dírí nó indírí seo.

Maidir le bulaíocht, is minic a chuireann síceolaithe SNSO comhairle ar scoileanna faoin dea-chleachtas i dtaobh na bulaíochta a chosc agus dul i ngleic léi nuair a thagann fadhbanna chun cinn i scoileanna agus/nó cuireann siad oiliúint ar fáil ar thionscnaimh choisctheacha, amhail scileanna sóisialta agus mothúchánacha, scileanna sóisialta agus scileanna feidhmiúcháin a fhorbairt agus athléimneacht agus scileanna maidir le caidreamh a dheisiú idir piaraí a spreagadh, de réir mar is cuí.

Tá tuilleadh eolais faoi na tacaíochtaí a sholáthraíonn SNSO ar fáil sa Treoir Acmhainní a ghabhann leis na gnásanna seo.

### Oide

Is é Oide an tseirbhís tacaíochta do scoileanna de chuid na Roinne Oideachais, agus tacaíonn sé leis an bhfoghlaim ghairmiúil do cheannairí bunscoile agus iar-bhunscoile agus do múinteoirí i scoileanna agus in ionaid oideachais aitheanta.

Cothaíonn Oide cultúr foghlama gairmiúla leanúnaí i measc ceannairí scoile agus múinteoirí, a spreagann foghlaim ar feadh an tsaoil, cleachtais mhachnaimh agus cleachtais bunaithe ar fhiosrú. Cuireann obair Oide le feabhsúchán scoile trí na nithe seo a leanas a chur ar fáil; eispéiris foghlama gairmiúla ardchaighdeáin, tacaíochtaí agus acmhainní a bhaineann le forbairtí curaclaim, spriocanna oideachais níos leithne agus tosaíochtaí náisiúnta, amhail an fholláine, lena n-áirítear an bhulaíocht a chosc agus dul i ngleic léi.

Cuireann Oide tacaíocht don fhoghlaim ghairmiúil leanúnach ar fáil do scoileanna chun tacú le feidhmiú na ngnásanna seo. Tá tuilleadh eolais faoi na tacaíochtaí a sholáthraíonn Oide ar fáil sa Treoir Acmhainní a ghabhann leis na gnásanna seo.



### Webwise

Is é Webwise an tionscnamh Sábháilteachta ar líne de chuid na Roinne Oideachais agus tá sé á chómhaoiniú ag an gCoimisiún Eorpach. Cuireann Webwise úsáid níos sábháilte, níos fearr an idirlín chun cinn trí mhúscailt feasachta agus tionscnaimh oideachais dírithe ar mhúinteoirí, scoláirí agus tuismitheoirí. Forbraíonn agus scaipeann Webwise acmhainní a chuidíonn le múinteoirí an tsaoránacht dhigiteach agus an tsábháilteacht ar líne a chomhtháthú sa teagasc agus san fhoghlaim ina scoileanna. Cuireann Webwise eolas, comhairle agus uirlisí ar fáil freisin do thuismitheoirí chun tacú lena rannpháirtíocht i saol ar líne a leanaí. Le cúnamh ón bPainéal Comhairleach don Óige Webwise, forbraíonn Webwise acmhainní óige-bhunaithe a mhúsclaíonn feasacht, chomh maith le cláir oiliúna a spreagann an tsaoránacht dhigiteach agus a théann i ngleic le topaicí amhail an fholláine agus an chibearbhulaíocht.

Tá tuilleadh eolais faoi na tacaíochtaí a sholáthraíonn Webwise ar fáil sa Treoir Acmhainní a ghabhann leis na gnásanna seo.

### Comhairle Náisiúnta na dTuismitheoirí

Is é Comhairle Náisiúnta na dTuismitheoirí (NPC) an eagraíocht ionadaíochta do thuismitheoirí leanaí in oideachas luathbhlianta, bunscoile agus iar-bhunscoile. Bunaíodh NPC mar eagraíocht charthanachta in 1985, faoi chlár an Rialtais, mar eagraíocht ionadaíochta do thuismitheoirí leanaí atá ag freastal ar scoil. Tugadh aitheantas reachtúil di san Acht Oideachais, 1998.

Oibríonn Comhairle Náisiúnta na dTuismitheoirí lena chinntiú go dtacaítear le gach tuismitheoir agus go ndéantar iad a chumasú chun a bheith ina bpáirtithe éifeachtacha in oideachas a leanaí. Tá sé mar chuspóir ag NPC comhpháirtíocht rathúil a bhaint amach agus torthaí níos fearr a sholáthar do gach scoláire.

Soláthraíonn NPC cúrsaí ar líne agus go pearsanta chun tacú le tuismitheoirí scoláirí bunscoile agus iar-bhunscoile araon chun iompraíocht bhulaíochta a chosc agus dul i ngleic léi.

Tá sonraí faoi na cláir seo ar fáil sa Treoir Acmhainní a ghabhann leis na gnásanna seo.

### Ionad Frithbhulaíochta OCBÁC

Is ionad taighde ainmnithe ollscoile é Ionad Frithbhulaíochta OCBÁC atá lonnaithe in Institiúid Oideachais OCBÁC. Tá an t-ionad aitheanta go hidirnáisiúnta de bharr a thaighde ar bhulaíocht agus sábháilteacht ar líne. Cuireann an t-Ionad Frithbhulaíochta raon modúl ar fáil mar chuid dá chlár FUSE do phobal uile na scoile ar féidir é a úsáid chun cultúr dearfach scoile a spreagadh agus cuidiú le hiompraíochtaí bulaíochta a chosc agus dul i ngleic leo. Tá sonraí faoi na cláir seo ar fáil sa Treoir Acmhainní a ghabhann leis na gnásanna seo.

### Tusla

Ba chóir do scoileanna teagmháil a dhéanamh le Tusla go díreach le haghaidh comhairle sa chás go meastar go bhfuil iompraíocht bhulaíochta ina hábhar imní maidir le cosaint leanaí. Féach cuid 2.4 le haghaidh treorach faoin uair a thagann iompraíocht bhulaíochta le bheith ina hábhar imní maidir le cosaint leanaí.

Tá sonraí teagmhála Tusla ar fáil sa Treoir Acmhainní a ghabhann leis na gnásanna seo.

# 7 | Maoirseacht



## 7.1 Uasdátú ar Iompraíocht Bhulaíochta don Bhord Bainistíochta

Ag gach cruinniú den bhord bainistíochta ní mór don phríomhoide uasdátú a chur i láthair ar líon na n-eachtraí iompraíochta bulaíochta agus na bearta a rinneadh chun iompraíocht bhulaíochta a chosc agus dul i ngleic léi.

Tá sé mar chuspóir ag an uasdátú bonn eolais a chur faoin bplé ag leibhéal an bhoird ar éifeachtacht na mbeart atá á ndéanamh ag an scoil chun iompraíocht bhulaíochta a chosc agus dul i ngleic léi agus éifeachtacht Pholasaí Bí Cineálta na scoile.

Ní mór go mbeadh na nithe seo a leanas san áireamh san uasdátú:

- Líon na n-eachtraí iompraíochta bulaíochta a tuairiscíodh ón gcruinniú deireanach.
- Líon na n-eachtraí iompraíochta bulaíochta atá ag tarlú faoi láthair.
- Líon na n-eachtraí iompraíochta bulaíochta a tuairiscíodh ó thús na scoilbhliana seo.

Sa chás gur tuairiscíodh eachtraí iompraíochta bulaíochta ón gcruinniú deireanach, ní mór tuairisc ó bhéal a chur san áireamh san uasdátú agus ba chóir go mbeadh an t-eolas seo a leanas san áireamh nuair is cuí:

- na treochtaí agus na patrúin a aithníodh, mar shampla foirm na hiompraíochta bulaíochta, an cineál iompraíochta bulaíochta más eol, láthair na hiompraíochta bulaíochta, cathain a tharla sí.
- na straitéisí a úsáideadh chun dul i ngleic leis an iompraíocht bhulaíochta.
- aon straitéisí níos leithne chun iompraíocht bhulaíochta a chosc agus dul i ngleic léi.
- má tharla aon eachtra thromchúiseach d'iompraíocht bhulaíochta a raibh drochthionchar suntasach aige ar scoláire.
- má chuir tuismitheoir don scoil gur fhág scoláire an scoil mar gheall ar iompraíocht bhulaíochta thuairiscithe.
- má tá aon tacaíocht bhreise ag teastáil ón mbord bainistíochta.
- má theastaíonn athbhreithniú práinneach ar pholasaí Bí Cineálta na scoile roimh an athbhreithniú bliantúil.

Níor cheart go n-áireofaí leis an uasdátú seo aon eolas pearsanta ná eolas a d'fhéadfadh na scoláirí atá i gceist a aithint.

Tá sé tábhachtach go dtabharfaí cuntas i miontuairiscí chruinniú an bhoird bainistíochta ar líon na n-eachtraí nua d'iompraíocht bhulaíochta, an líon atá ag tarlú faoi láthair agus líon iomlán na n-eachtraí iompraíochta bulaíochta a tuairiscíodh ó thús na scoilbhliana, de réir mar a thuairiscíonn an príomhoide. Ba chóir go luafaí sna miontuairiscí freisin má tá an bord tar éis breithniú a dhéanamh ar an uasdátú ó bhéal ar iompraíocht bhulaíochta agus má chinn an bord go bhfuil gá le hathbhreithniú práinneach ar pholasaí Bí Cineálta na scoile ba chóir go ndéanfaí é seo a dhoiciméadú.

D'fhéadfadh sé go mbeadh an treoir in Aguisín D úsáideach don phríomhoide agus an t-uasdátú á ullmhú aige/aici.

## 7.2 Athbhreithniú ar Pholasaí Bí Cineálta scoile

Ní mór athbhreithniú a dhéanamh ar pholasaí Bí Cineálta scoile gach bliain féilire nó a luaithe agus is indéanta sa chás go gcinneann an bord bainistíochta go bhfuil athbhreithniú de dhíth.

Ba chóir go ndéanfaí an t-athbhreithniú agus ionchur ó phobal uile na scoile ann, lena n-áirítear an bord bainistíochta, baill foirne, scoláirí agus a dtuismitheoirí agus baill phobal na scoile i gcoitinne (de réir mar is cuí).

Ba chóir do scoileanna dul i mbun plé lena gcomhairle scoláirí (más ann di) agus lena gcumann tuismitheoirí (más ann dó) chun a dtuairimí a chloisteáil ar ábhar agus éifeachtacht Pholasaí Bí Cineálta na scoile.

Ní mór an teimpléad in Aguisín E a chomhlánú lena chinntiú go bhfuil gach gné den athbhreithniú bliantúil comhlánaithe.

Seachas an t-athbhreithniú bliantúil, is dea-cleachtas é do scoileanna aiseolas rialta a lorg maidir le cur i bhfeidhm a bpolasaí Bí Cineálta. D'fhéadfadh plé oscailte idir foireann scoile, scoláirí agus tuismitheoirí faoi chuir chuige chun iompraíocht bhulaíochta a chosc agus dul i ngleic léi a bheith ina chúnamh i dtaobh tacú le cur i bhfeidhm éifeachtach.

Sa chás go raibh drochthionchar suntasach ag iompraíocht bhulaíochta ar scoláire, ní mór do scoileanna athbhreithniú a dhéanamh ar na bearta a rinne siad chun iompraíocht bhulaíochta a chosc agus dul i ngleic léi, d'fhonn ceachtanna a aithint a d'fhéadfaí a fhoghlaim, chun cás den sórt sin a sheachaint sa todhchaí. D'fhéadfadh sé go mbeadh gá le polasaí Bí Cineálta na scoile a nuashonrú mar thoradh air seo.

Ní mór fógra a thabhairt do phobal na scoile go ndearnadh an t-athbhreithniú bliantúil agus féadfar an fhoirm atá in Aguisín F a úsáid chun na críche sin. Ba chóir an deimhniú seo a fhoilsiú ar shuíomh idirlín na scoile nuair a chríochnófar an t-athbhreithniú bliantúil.

## 7.3 Tuairisciú Bliantúil ar Iompraíocht Bhulaíochta

Chun iompraíocht bhulaíochta a chosc agus dul i ngleic léi go héifeachtach, tá sé tábhachtach go mbeadh faisnéis ar fáil ag leibhéal náisiúnta ar fhorleithne na hiompraíochta bulaíochta agus ar straitéisí chun iompraíocht bhulaíochta a chosc agus dul i ngleic léi.

Mar chuid de chur i bhfeidhm *Cineáltas: Plean Gníomhaíochta ar an mBulaíocht* tá forbairt bunachair sonraí náisiúnta á chur chun cinn ag an Roinn chun tiomsú sonraí faoi iompraíocht bhulaíochta ar bhealach anaithnidithe a éascú, d'fhonn eolas a chur ar fáil do thuarascáil bhliantúil náisiúnta ar iompraíocht bhulaíochta i scoileanna. Ní bheidh scoileanna nó scoláirí aonair so-aitheanta ón bhfaisnéis seo.

Tá an fhaisnéis seo tábhachtach chun bonn eolais a chur faoi na nithe seo a leanas; foghlaim ghairmiúil leanúnach, cláir chun iompraíocht bhulaíochta a chosc agus dul i ngleic léi, tuilleadh taighde sa réimse seo, feachtais chun feasacht a mhúscailt agus forbairt agus athbhreithniú ar pholasaí náisiúnta amhail *Cineáltas: Plean Gníomhaíochta ar an mBulaíocht* agus an *Ráiteas Polasaí Folláine agus Creat Cleachtais*.

Beidh ar scoileanna sonraí anaithnidithe ar eachtraí iompraíochta bulaíochta a chur isteach. Gheobhaidh scoileanna fógra faoin bpróiseas chun na sonraí a chur isteach nuair a fhorbrófar an córas agus nuair a sheolfar an próiseas.

## 7.4 Teimpléid a Úsáid

Éilíonn na gnásanna seo ar scoileanna roinnt teimpléad a úsáid atá ar fáil i gcuid na nAguisíní. D’fhéadfadh an Roinn na teimpléid seo a nuashonrú sa todhchaí. Dá réir sin, ní mór do scoileanna a chinntiú gurb é an leagan is déanaí den teimpléad a foilsíodh ar shuíomh idirlín gov.ie atá in úsáid. Má dhéantar na teimpléid a nuashonrú, cuirfidh an roinn é sin in iúl do scoileanna.

## 7.5 Ról na Cigireachta

Déanann an Chigireacht meastóireacht ar chomhlíonadh agus ar cháilíocht i gcur i bhfeidhm na ngnásanna in Bí Cineálta chun iompraíocht bhulaíochta a chosc agus dul i ngleic léi i mbunscoileanna agus in iar-bhunscoileanna. Tá seiceálacha san áireamh i ngach samhail chigireachta, lena n-áirítear cigireachtaí gan choinne, lena chinntiú go gcomhlíonann scoileanna na gnásanna seo.

Déanann cigireachtaí ar ábhar agus curaclam OSPS cáilíocht an teagaisc, na foghlama agus an mheasúnaithe i dtopaicí OSPS éagsúla a mheas, lena n-áirítear iompraíocht bhulaíochta a chosc agus dul i ngleic léi, chomh maith leis an bpleanáil agus tacaíocht fhoriomlán na scoile i leith an ábhair a mheas.

Mar chuid de Chigireachtaí um Chosaint agus Chumhdach Leanaí déanann an Chigireacht monatóireacht ar a éifeachtach is atá foghlaim na scoláirí faoin mbulaíocht. Le linn na gcigireachtaí sin, déantar athbhreithniú freisin ar na polasaithe agus ar na gnásanna atá i bhfeidhm ag an scoil chun iompraíocht bhulaíochta a chosc agus dul i ngleic léi.

Mar chuid den fhócas ar an bhfolláine i Meastóireachtaí Scoile Uile déanann cigirí athbhreithniú níos leithne ar conas a chuireann scoileanna gnásanna i bhfeidhm chun iompraíocht bhulaíochta a chosc agus dul i ngleic léi, lena n-áirítear meastóireacht a dhéanamh ar na tionscnaimh agus ar na cláir atá i bhfeidhm chun timpeallacht scoile dhearfach a chruthú a chuidíonn le hiompraíocht bhulaíochta a chosc agus dul i ngleic léi.

Áireofar le samhail chigireachta nua dírithe ar an bhfolláine a chur chun cinn i scoileanna seiceálacha sonracha a bhaineann le bearta scoileanna chun iompraíocht bhulaíochta a chosc agus dul i ngleic léi. Gheobhaidh scoileanna fógra faoi na paraiméadair do na cigireachtaí sin nuair a fhorbrófar an creat cuí agus nuair a sheolfar an tsamhail níos déanaí in 2024.

Le linn cigireachtaí scoile, d’fhéadfadh sé go mbeadh rochtain ag teastáil ó na cigirí ar chuid de na doiciméid agus taifid nó iad go léir a bhfuil ar an scoil feidhm a bhaint astu agus iad a choinneáil faoi na gnásanna seo. Dá réir sin, ba chóir go mbeadh na doiciméid seo, lena n-áirítear miontuairiscí chruinnithe an bhoird bainistíochta ar fáil sa scoil i gcónaí agus ní mór iad a chur ar fáil don chigire/do na cigirí ar iarratas.

# Achoimre ar na hAguisíní

| | | |
|---|---|---|
| Aguisín A | Polasaí Bí Cineálta | **Ní mór** an doiciméad teimpléid a úsáid mar bhonn le Polasaí Bí Cineálta gach scoile |
| Aguisín B | Polasaí Bí Cineálta in oiriúint do scoláirí | **Ní mór** do gach scoil polasaí sothuigthe a fhorbairt agus **is féidir** le scoileanna an teimpléad a úsáid dó sin. |
| Aguisín C | Treoir maidir le Dul i nGleic le hIompraíocht Bhulaíochta | **Is féidir** an treoir a úsáid chun cuidiú le scoileanna dul i ngleic le hiompraíocht bhulaíochta |
| Aguisín D | Treoir maidir le huasdátú ar iompraíocht bhulaíochta a sholáthar don Bhord Bainistíochta | **Is féidir** an treoir a úsáid chun cabhrú le Príomhoidí uasdátú ar iompraíocht bhulaíochta a sholáthar don Bhord Bainistíochta |
| Aguisín E | Athbhreithniú ar Pholasaí Bí Cineálta | **Ní mór** an teimpléad Athbhreithnithe a chomhlánú nuair a dhéantar athbhreithniú ar an bpolasaí Bí Cineálta. |
| Aguisín F | Fógra faoin Athbhreithniú Bliantúil | **Is féidir** an teimpléad a úsáid chun fógra a thabhairt do phobal na scoile go ndearnadh an t-athbhreithniú bliantúil. |
| Aguisín G | Bí Cineálta – Achoimre ar na Gnásanna | Is achoimre é seo ar na príomhréimsí athraithe ó na gnásanna frithbhulaíochta do scoileanna 2013. |

# Aguisín A
# Polasaí Bí Cineálta Scoile chun Iompraíocht Bhulaíochta a Chosc agus Dul i nGleic léi

## Polasaí Bí Cineálta chun Iompraíocht Bhulaíochta a Chosc agus Dul i nGleic léi

Ghlac Bord Bainistíocht ______________________________ an polasaí seo a leanas chun iompraíocht bhulaíochta a chosc agus dul i ngleic léi.

Comhlíonann an polasaí seo go hiomlán ceanglais *Bí Cineálta: Gnásanna chun Iompraíocht Bhulaíochta a Chosc agus Dul i nGleic léi do Bhunscoileanna agus d'Iar-bhunscoileanna* 2024.

Aithníonn an Bord Bainistíochta go gcuireann iompraíocht bhulaíochta as do chearta an linbh mar a leagtar amach i gCoinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh. Tá freagracht orainn go léir, mar phobal scoile, oibriú le chéile chun iompraíocht bhulaíochta a chosc agus dul i ngleic léi agus chun déileáil leis an tionchar diúltach a bhíonn ag iompraíocht bhulaíochta.

Táimid tiomanta do chinntiú go gcoinnítear gach scoláire a fhreastalaíonn ar ár scoil saor ó dhíobháil agus go bhfuil folláine ár scoláirí chun tosaigh i ngach rud atá á dhéanamh againn. Aithnímid an tionchar diúltach a d'fhéadfadh a bheith ag iompraíocht bhulaíochta ar shaol ár scoláirí agus táimid tiomanta go hiomlán d'iompraíocht bhulaíochta a chosc agus dul i ngleic léi.

Deimhnímid go ndéanfaimid, i gcomhréir lenár n-oibleagáidí faoi reachtaíocht chomhionannais, gach beart atá indéanta de réir réasúin chun ciapadh scoláirí nó baill foirne a chosc ar aon cheann de na naoi bhforas a shonraítear: inscne, stádas sibhialta, stádas clainne, claonadh gnéasach, reiligiún, aois, míchumas, cine agus a bheith mar bhall den Lucht Siúil.

## Sainmhíniú ar an mbulaíocht

Tugtar sainmhíniú ar an mbulaíocht in *Cineáltas: Plean Gníomhaíochta ar an mBulaíocht agus Bí Cineálta: Gnásanna chun Iompraíocht Bhulaíochta a Chosc agus Dul i nGleic léi do Bhunscoileanna agus d'Iar-bhunscoileanna* mar iompraíocht spriocdhírithe, ar líne nó as líne a dhéanann dochar. D'fhéadfadh an dochar a dhéantar a bheith fisiciúil, sóisialta agus/nó mothúchánach. Leanann iompraíocht bhulaíochta ar aghaidh thar thréimhse ama agus bíonn neamhchothroime cumhachta i gceist ann sa chaidreamh idir beirt nó grúpaí daoine sa tsochaí. Tugtar an sainmhíniú mionsonraithe i gCaibidil 2 de ghnásanna Bí Cineálta.

Ní mór do gach scoil polasaí Bí Cineálta a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm ina leagtar amach conas a chuireann pobal na scoile cosc ar iompraíocht bhulaíochta agus conas a théann sé i ngleic léi. Déantar foráil i gCód Iompraíochta na scoile do straitéisí chun déileáil le hiompraíocht mhíchuí nach iompraíocht bhulaíochta í.

## Mír A: Forbairt/athbhreithniú ar ár bpolasaí Bí Cineálta chun iompraíocht bhulaíochta a chosc agus dul i ngleic léi

Tugadh deis do gach ball dár bpobal scoile ionchur a bheith acu i bhforbairt/athbhreithniú an pholasaí seo.

| | Dáta an Chomhairliúcháin | Modh comhairliúcháin |
|---|---|---|
| Foireann na Scoile | | |
| Scoláirí | | |
| Tuismitheoirí | | |
| Bord Bainistíochta | | |
| Pobal na scoile i gcoitinne (de réir mar is cuí mar shampla tiománaithe bus) | | |
| An dáta ar faomhadh an polasaí: | | |
| An dáta is déanaí a ndearnadh athbhreithniú ar an bpolasaí: | | |

## Mír B: Iompraíocht Bhulaíochta a Chosc

Leagtar amach sa mhír seo na straitéisí coisctheacha a úsáidfidh an scoil. Ina measc sin tá straitéisí atá dírithe go sonrach ar iompraíocht bhulaíochta ar líne a chosc, iompraíocht bhulaíochta homafóbach agus trasfhóbach, iompraíocht bulaíochta ciníche, iompraíocht bulaíochta gnéasaí agus ciapadh gnéasach de réir mar is cuí. (Féach Caibidil 5 de ghnásanna Bí Cineálta).

Tá na polasaithe maoirseachta agus monatóireachta a leanas i bhfeidhm ag an scoil chun iompraíocht bhulaíochta a chosc agus dul i ngleic léi. (Féach Caibidil 5 de ghnásanna Bí Cineálta)

## Mír C: Ag dul i ngleic le hIompraíocht Bhulaíochta

Seo a leanas an múinteoir/na múinteoirí atá freagrach as dul i ngleic le hiompraíocht bhulaíochta:

---

Nuair a tharlaíonn iompraíocht bhulaíochta, déanfaidh an scoil:

> A chinntiú go n-éistear leis an scoláire a bhfuil iompraíocht bhulaíochta á fulaingt aige/aici agus go gcuirtear é/í ar a s(h)uaimhneas.

> Iarracht príobháideacht na ndaoine atá i gceist a chinntiú.

> Gach comhrá go híogair.

> Aois agus cumas na ndaoine atá i gceist a mheas.

> A éisteacht le tuairimí an scoláire a bhfuil iompraíocht bhulaíochta á dhéanamh air/uirthi maidir leis an mbealach is fearr chun dul i ngleic leis an gcás.

> A ghníomhú go tráthúil.

> Tuismitheoirí na ndaoine atá i gceist a chur ar an eolas.

Is iad seo a leanas na céimeanna a ghlacfaidh an scoil le fáil amach an raibh iompraíocht bhulaíochta á déanamh, na cuir chuige a glacfar chun dul i ngleic leis an iompraíocht bhulaíochta agus athbhreithniú a dhéanamh ar dhul chun cinn (féach Caibidil 6 de ghnásanna Bí Cineálta):

Bainfidh an scoil úsáid as na cuir chuige seo a leanas chun tacú leo siúd a ndéanfar bulaíocht orthu, iad siúd a bheidh mar fhinné agus iad siúd a léireoidh iompraíocht bhulaíochta (féach Caibidil 6 de ghnásanna Bí Cineálta):

Déanfar gach iompraíocht bhulaíochta a thaifeadadh. San áireamh ansin beidh an cineál iompraíochta, cá háit agus cathain a tharla sé, agus dáta an chaidrimh le scoláirí agus tuismitheoirí.  Déanfar na gníomhaíochtaí agus na tacaíochtaí comhaontaithe chun dul i ngleic le hiompraíocht bhulaíochtaa dhoiciméadú. Más ábhar imní í an iompraíocht bhulaíochta maidir le cosaint leanaí déileálfar leis an gceist gan mhoill de réir *Gnásanna um Chumhdach Leanaí do Bhunscoileanna agus d'Iar-bhunscoileanna*.

## Mír D: Maoirseacht:

Cuirfidh an príomhoide uasdátú ar iompraíocht bhulaíochta i láthair ag gach cruinniú den Bhord Bainistíochta. San áireamh san uasdátú seo beidh líon na n-eachtraí iompraíochta bulaíochta a tuairiscíodh ón gcruinniú deireanach, líon na n-eachtraí leanúnacha agus líon iomlán na n-eachtraí ó thús na scoilbhliana. Sa chás gur tharla eachtraí iompraíochta bulaíochta, cuirfidh an príomhoide uasdátú ó bhéal ar fáil freisin lena n-áirítear nuair is ábhartha, eolas a bhaineann le treochtaí agus patrúin a aithníodh, straitéisí a úsáideadh chun dul i ngleic leis an iompraíocht bhulaíochta agus aon straitéisí níos leithne chun iompraíocht bhulaíochta a chosc agus dul i ngleic léi. Níl eolas pearsanta ná aitheantais san uasdátú seo. Féach Caibidil 7 de ghnásanna Bí Cineálta.

Tá an polasaí seo ar fáil do phobal na scoile ar shuíomh idirlín na scoile agus ina chóip chrua ach é a iarraidh. Tá leagan den pholasaí seo atá in oiriúint do scoláirí ar taispeáint sa scoil agus tá sé ar fáil freisin ar ár suíomh gréasáin agus ina chóip chrua ach é a iarraidh.

Déanfar an polasaí seo agus a chur i bhfeidhm a athbhreithniú ar bhonn bliantúil nó a luaithe agus is indéanta tar éis athrú ábhartha a bheith ann in aon ábhar dá dtagraíonn an polasaí seo.

Sínithe:______________________________ Dáta: ________________

(Cathaoirleach an Bhoird Bainistíochta)

Sínithe:______________________________ Dáta: ________________

(Príomhoide)

# Appendix B
# Student-Friendly Bí Cineálta Policy

# Bí Cineálta!

## Ba mhaith linn go mothódh gach duine inár scoil sábháilte agus sásta.

## Cheapann tú go bhfuil bulaíocht á déanamh ort nó go bhfuil bulaíocht á déanamh ar dhuine éigin eile, is gá duit é a rá le múinteoir nó le duine fásta eile a bhfuil muinín agat as nó aisti. Beidh a fhios acu conas cabhair a fháil.




Insíonn scoláire do bhall foirne go gceapann sé/sí go bhfuil bulaíocht á déanamh air nó uirthi nó ar dhuine eile:

> labhróimid leis an scoláire a bhféadfadh bulaíocht a bheith á déanamh air/uirthi
> fiafróimid den scoláire cad ba cheart a dhéanamh, dar leis/léi
> oibreoimid amach plean le chéile
> labhróimid lena t(h)uismitheoirí
> labhróimid leis an scoláire eile ionas go dtuigfidh sé/sí nach bhfuil a (h)iompraíocht ceart
> labhróimid le tuismitheoirí an scoláire eile
> cabhróimid le gach duine ionas go mothóidh siad sásta agus sábháilte inár scoil

Ciallaíonn iompraíocht bhulaíochta duine a bheith gránna nó maslach le daoine eile in aon turas arís agus arís.

Abair le duine le do thoil má cheapann tú go bhfuil bulaíocht á déanamh ort nó má cheapann tú go bhfuil bulaíocht á déanamh ar dhuine éigin eile.

Tá polasaí ag ár scoil chun stop a chur le hiompraíocht bhulaíochta.

Breathnaímid ar an bpolasaí seo gach bliain. Cinntíonn sé sin go bhfuil gach rud is féidir á dhéanamh againn in iarracht stop a chur le hiompraíocht bhulaíochta.

Fiafróimid díot cad a cheapann tú.




Nuair a tharlaíonn sé go minic. Ní díreach uair amháin.

# Aguisín C
# Treoir maidir le Dul i nGleic le hIompraíocht Bhulaíochta

Tá pobal uile na scoile  freagrach as iompraíocht bhulaíochta a chosc agus dul i ngleic léi. Ba chóir do scoileanna oibriú i gcomhar lena bpátrún, leis an mbord bainistíochta, leis an bhfoireann, le scoláirí agus lena dtuismitheoirí chun a bpolasaí Bí Cineálta a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm.

Is mar threoir a thugtar an t-aguisín seo maidir le dul i ngleic le hiompraíocht bhulaíochta. Tá sé bunaithe ar an eolas i gCaibidil 6 de *ghnásanna Bí Cineálta chun iompraíocht bhulaíochta a chosc agus dul i ngleic léi do bhunscoileanna agus d'iar-bhunscoileanna*.

## Cur chuige

- Ba cheart go mbeadh sé mar phríomhaidhm agus aghaidh á tabhairt ar thuairiscí ar iompraíocht bhulaíochta stop a chur leis an iompraíocht bhulaíochta agus, chomh fada agus is féidir, an caidreamh idir na scoláirí atá i gceist a athbhunú, seachas milleán a chur.

Nuair a théann siad i ngleic le hiompraíocht bhulaíochta, ba chóir do mhúinteoirí:

- A chinntiú go mothaíonn an scoláire a bhfuil iompraíocht bhulaíochta á fulaingt aige/aici go bhfuiltear ag éisteacht leis/léi agus go bhfuiltear á c(h)ur ar a s(h)uaimhneas.
- Iarracht a dhéanamh príobháideacht na ndaoine atá i gceist a chinntiú.
- Gach comhrá a dhéanamh go híogair.
- Aois agus cumas na scoláirí atá i gceist a chur san áireamh.
- Éisteacht le tuairimí an scoláire a bhfuil an iompraíocht bhulaíochta á fulaingt aige/aici maidir leis an mbealach is fearr chun dul i ngleic leis an gcás.
- Gníomhú go tráthúil.
- Tuismitheoirí na scoláirí atá i gceist a chur ar an eolas.

## Ag aithint cé acu ar tharla nó nár tharla iompraíocht bhulaíochta

In *Cineáltas: Plean Gníomhaíochta ar an mBulaíocht agus Bí Cineálta: Gnásanna chun Iompraíocht Bhulaíochta a Chosc agus Dul i nGleic léi do Bhunscoileanna agus d'Iar-bhunscoileanna*, sainmhínítear an bhulaíocht mar iompraíocht spriocdhírithe, ar líne nó as líne a dhéanann dochar. D'fhéadfadh an dochar a dhéantar a bheith fisiciúil, sóisialta agus/nó mothúchánach. Leanann iompraíocht bhulaíochta ar aghaidh thar thréimhse ama agus bíonn neamhchothroime cumhachta i gceist sa chaidreamh idir beirt nó idir grúpaí daoine sa tsochaí. Tugtar an sainmhíniú mionsonraithe i gCaibidil 2 de ghnásanna Bí Cineálta.

Chun a chinneadh an iompraíocht bhulaíochta í an iompraíocht a thuairiscítear, ba cheart duit machnamh a dhéanamh ar na ceisteanna seo a leanas:

- An bhfuil an iompraíocht dírithe ar scoláire ar leith nó ar ghrúpa scoláirí?

- An bhfuil sé i gceist dochar fisiciúil, sóisialta nó mothúchánach á dhéanamh de bharr na hiompraíochta?
- An bhfuil an iompraíocht á léiriú arís agus arís eile?

Más 'Tá' an freagra ar gach ceann de na ceisteanna thuas, is iompraíocht bhulaíochta í an iompraíocht agus ba chóir dul i ngleic léi de réir Ghnásanna Bí Cineálta.

Tabhair do d'aire: **D'fhéadfadh sé go measfaí gurb ionann eachtraí aon uaire agus bulaíocht i gcásanna áirithe. D'fhéadfadh sé go measfaí gurb ionann agus iompraíocht bhulaíochta teachtaireacht ghoilliúnach amháin <u>a phostáiltear ar na meáin shóisialta</u> mar is ródhócha go ndéanfar í a roinnt mórán uaireanta agus mar sin déanfar iompraíocht leantach di.**

Más Níl an freagra ar aon cheann de na ceisteanna thuas, ní iompraíocht bhulaíochta an iompraíocht.

Déantar foráil i gCód Iompair na scoile do straitéisí chun déileáil le hiompraíocht mhíchuí.

Nuair atáthar ag aithint ar tharla nó nár tharla iompraíocht bhulaíochta ba chóir don mhúinteoir:

- Cad, cá háit, cathain agus cén fáth a bhreithniú?
- Is féidir an seicliosta in Aguisín C a úsáid mar chúnamh chun iompraíocht bhulaíochta a aithint.
- Má bhíonn grúpa scoláirí i gceist, ba chóir teagmháil a dhéanamh le gach scoláire ina (h)aonar ar dtús.
- Ina dhiaidh sin, ba chóir bualadh le gach scoláire atá i gceist mar ghrúpa.
- Ag an gcruinniú grúpa, ba chóir go n-iarrfaí ar gach scoláire a c(h)untas féin ar ar tharla a thabhairt lena chinntiú go bhfuil gach duine sa ghrúpa soiléir faoi thuairimí a chéile.
- Ba chóir tacaíocht a thabhairt do gach scoláire de réir mar is cuí, i ndiaidh an chruinnithe grúpa.
- B'fhéidir go mbeadh sé ina chuidiú a iarraidh ar na scoláirí atá i gceist a gcuntas ar an eachtra/na heachtraí a scríobh síos.

## I gcás gur tharla iompraíocht bhulaíochta

- Is dlúthchuid de phobal na scoile iad na tuismitheoirí agus tá ról tábhachtach acu, i gcomhar le scoileanna, maidir le dul i ngleic le hiompraíocht bhulaíochta. I gcás gur tharla iompraíocht bhulaíochta, ní mór teagmháil a dhéanamh le tuismitheoirí na scoláirí atá i gceist go luath chun iad a chur ar an eolas faoin gcás agus chun dul i gcomhairle leo maidir leis na gníomhaíochtaí atá le déanamh chun dul i ngleic leis an iompraíocht.
- Tá sé tábhachtach éisteacht le tuairimí an scoláire a bhfuil iompraíocht bhulaíochta á fulaingt aige/aici maidir leis an mbealach is fearr chun dul i ngleic leis an gcás.
- Ba chóir taifead a choinneáil den phlé a rinneadh le gach duine a bhí i gceist.
- Ba chóir go ndéanfadh an taifead seo doiciméadú ar fhoirm agus ar chineál na hiompraíochta bulaíochta, más eol sin (féach Mír 2.5 agus 2.7 de ghnásanna Bí Cineálta), cá háit agus cathain a tharla sé agus dáta na teagmhála tosaigh leis na scoláirí atá i gceist agus a dtuismitheoirí.
- Ba chóir go mbeadh tuairimí na scoláirí atá i gceist agus a dtuismitheoirí maidir leis na gníomhartha atá le déanamh chun dul i ngleic leis an iompraíocht bhulaíochta san áireamh sa taifead.

## Iarphlé i gcás gur tharla iompraíocht bhulaíochta

> Ní mór don mhúinteoir dul i mbun plé arís leis na scoláirí agus na tuismitheoirí atá i gceist-tráth nach bhfuil níos mó ná 20 lá scoile i ndiaidh na teagmhála tosaigh.

> ar na tosca tábhachtacha atá le breithniú mar chuid den phlé seo tá cineál na hiompraíochta bulaíochta, éifeachtacht na straitéisí a úsáideadh chun dul i ngleic leis an iompraíochta bhulaíochta agus an caidreamh idir na scoláirí atá i gceist.

> ba chóir don mhúinteoir an t-athbhreithniú le scoláirí agus lena dtuismitheoirí a dhoiciméadú lena fháil amach an bhfuil deireadh tagtha leis an iompraíocht bhulaíochta agus tuairimí na scoláirí agus na dtuismitheoirí ina leith sin.

> ba chóir an dáta ar cinneadh go raibh deireadh tagtha leis an iompraíocht bhulaíochta a thaifeadadh freisin.

> ba chóir aon rannpháirtíocht le seirbhísí/tacaíochtaí seachtracha a bhreacadh síos freisin.

> d'fhéadfadh sé go mbeadh gá le maoirseacht agus tacaíocht leanúnach do na scoláirí atá i gceist fiú nuair a bheidh deireadh leis an iompraíocht bhulaíochta.

> mura bhfuil deireadh tagtha leis an iompraíocht bhulaíochta ba chóir don mhúinteoir athbhreithniú a dhéanamh ar na straitéisí a úsáideadh i gcomhairle leis na scoláirí atá i gceist agus a dtuismitheoirí agus ba cheart amlíne a aontú le haghaidh tuilleadh plé go dtí go dtiocfaidh deireadh leis an iompraíocht bhulaíochta.

> más léir go bhfuil an scoláire a bhfuil an iompraíocht bhulaíochta á léiriú aige/aici ag leanúint leis an iompraíocht a léiriú, ba chóir smaoineamh ar na straitéisí a úsáid chun déileáil le hiompraíocht mhíchuí dá bhforáiltear i gCód Iompair na scoile. Má dhéantar pionóis smachta a bhreithniú, is ceist é sin idir an scoláire ábhartha, a t(h)uismitheoirí agus an scoil.

> Mura bhfuil tuismitheoir(í) sásta leis an gcaoi a ndeachaigh an scoil i ngleic leis an iompraíocht bhulaíochta, de réir Ghnásanna Bí Cineálta Chun Iompraíocht Bhulaíochta a Chosc agus Dul i nGleic léi do Bhunscoileanna agus Iar-bhunscoileanna, ba chóir iad a atreorú chuig gnásanna gearán na scoile.

> Má tá tuismitheoir míshásta leis an gcaoi a ndeachaigh an scoil i ngleic leis an iompraíocht bhulaíochta, féadfaidh sé/sí gearán a dhéanamh leis an Ombudsman do Leanaí má chreideann sé/sí go raibh tionchar diúltach ag gníomhaíochtaí na scoile ar an scoláire.

# Aguisín D
# Treoir maidir leis an Uasdátú ar Iompraíocht Bhulaíochta a Sholáthar

## Treoir maidir le hUasdátú ar Iompraíocht Bhulaíochta a Sholáthar do chruinniú an Bhoird Bainistíochta LL/MM/BBBB

Tar éis athbhreithniú a dhéanamh ar shonraí na n-eachtraí iompraíochta bulaíochta a tuairiscíodh ó chruinniú an bhoird bainistíochta roimhe seo, ní mór don phríomhoide an t-eolas seo a leanas a sholáthar ag gach gnáthchruinniú den bhord bainistíochta: information at each ordinary meeting of the board of management:

| | |
|---|---|
| Líon iomlán na n-eachtraí iompraíochta bulaíochta **nua** a tuairiscíodh ón gcruinniú deireanach den Bhord Bainistíochta. | |
| Líon iomlán na n-eachtraí iompraíochta bulaíochta atá ag tarlú faoi láthair. | |
| Líon iomlán na n-eachtraí iompraíochta bulaíochta a tuairiscíodh ó thús na scoilbhliana seo. | |

Sa chás gur tuairiscíodh eachtraí iompraíochta bulaíochta ó bhí an cruinniú deireanach ann, ní mór tuairisc ó bhéal a chur san áireamh san uasdátú agus ba chóir go mbeadh an t-eolas seo a leanas san áireamh nuair is cuí:

> Na treochtaí agus na patrúin a aithníodh, mar shampla foirm na hiompraíochta bulaíochta, an cineál

> Iompraíochta bulaíochta más eol sin, láthair na hiompraíochta bulaíochta, cathain a tharla sé etc.

> Na straitéisí a úsáideadh chun dul i ngleic leis an iompraíocht bhulaíochta

> Aon straitéisí níos leithne chun iompraíocht bhulaíochta a chosc agus dul i ngleic léi

> Má tharla aon eachtraí tromchúiseacha d’iompraíocht bhulaíochta a raibh drochthionchar suntasach acu ar scoláire

> Má chuir tuismitheoir in iúl don scoil gur fhág scoláire an scoil mar gheall ar iompraíocht bhulaíochta thuairiscithe

> Má tá tacaíocht bhreise ag teastáil ón mbord bainistíochta

> Más gá athbhreithniú práinneach a dhéanamh ar pholasaí Bí Cineálta na scoile roimh an athbhreithniú bliantúil

Níor cheart go n-áireofaí leis an uasdátú seo aon eolas pearsanta ná eolas a d’fhéadfadh na scoláirí atá i gceist a aithint.

# Aguisín E
# Athbhreithniú ar an bPolasaí Bí Cineálta

Ní mór don Bhord Bainistíochta (an Bord) athbhreithniú bliantúil (féilire) a dhéanamh ar pholasaí Bí Cineálta na scoile agus ar a chur i bhfeidhm i gcomhairle le pobal na scoile. Mar chuid den athbhreithniú, ní mór an doiciméad seo a chomhlánú.

## Bí Cineálta Policy Review

1 Cathain a ghlac an Bord go foirmiúil lena pholasaí Bí Cineálta chun iompraíocht bhulaíochta a chosc agus dul i ngleic léi i gcomhréir le Gnásanna Bí Cineálta do Bhunscoileanna agus d'Iar-bhunscoileanna? *Cuir isteach an dáta deiridh ar ghlac an scoil le polasaí Bí Cineálta* _/______/20_

2 Cá háit sa scoil a bhfuil an polasaí Bí Cineálta atá in oiriúint do scoláirí ar taispeáint? ____

3 Cén dáta ar fhoilsigh an Bord an polasaí Bí Cineálta agus an polasaí atá in oiriúint do scoláirí ar shuíomh idirlín na scoile? ___/___/20_

4. Conas a cuireadh an polasaí atá in oiriúint do scoláirí in iúl do scoláirí?

______________________________
______________________________
______________________________

5. Conas a cuireadh an polasaí Bí Cineálta agus an polasaí atá in oiriúint do scoláirí in iúl do thuismitheoirí?

______________________________
______________________________
______________________________

6. Ar cuireadh polasaí Bí Cineálta na scoile agus gnásanna *Bí Cineálta na Scoile chun Iompraíocht Bhulaíochta a Chosc agus Dul i nGleic Léi do Bhunscoileanna agus d'Iar-Bhunscoileanna* in iúl d'fhoireann uile na scoile? ☐ **Cuireadh** ☐ **Níor Cuireadh**

______________________________
______________________________
______________________________

7. An ndéanann an polasaí Bí Cineálta doiciméadú ar na straitéisí a úsáideann an scoil chun iompraíocht bhulaíochta a chosc?

______________________________
______________________________
______________________________

8. An bhfuair an Bord an tUasdátú ar Iompraíocht Bhulaíochta a chuir an Príomhoide i láthair ag gach gnáthchruinniú le linn an bliana féilire seo caite agus ar taifeadadh sna miontuairiscí iad? ☐ **Cuireadh** ☐ **Níor Cuireadh**

______________________________
______________________________
______________________________

9. Ar phléigh an Bord an chaoi a bhfuil an scoil ag dul i ngleic le gach tuairisc ar iompraíocht bhulaíochta? ☐ **Fuair agus taifeadadh** ☐ **Ní bhfuair agus níor taifeadadh**

10. An bhfuil an Bord sásta go ndeachthas i ngleic le gach eachtra iompraíochta bulaíochta de réir Pholasaí Bí Cineálta na scoile? ☐ **Phléigh** ☐ **Níor Phléigh**

11. Ar cuireadh na straitéisí coisctheacha i bPolasaí Bí Cineálta i bhfeidhm?
☐ **Cuireadh** ☐ **Níor Cuireadh**

12. Ar phléigh an Bord éifeachtacht na straitéisí a úsáidtear chun iompraíocht bhulaíochta a chosc? ☐ **Phléigh** ☐ **Níor Phléigh**

13. Conas a chuathas i gcomhairle le (a) tuismitheoirí, (b) scoláirí agus (c) foireann na scoile mar chuid den athbhreithniú ar an bPolasaí Bí Cineálta?

14. Tabhair breac-chuntas ar aon ghnéithe de pholasaí Bí Cineálta na scoile agus/nó a chur i bhfeidhm a sainaithníodh mar ghnéithe a raibh gá tuilleadh feabhais a chur orthu mar chuid den athbhreithniú seo

15. Sa chás gur sainaithníodh réimsí i gcomhair feabhais tabhair breac-chuntas ar conas a rachfar i ngleic leo sin agus ar cé acu ar forbraíodh nó nár forbraíodh plean gníomhaíochta mar aon le hamlínte?

16. An gá an polasaí atá in oiriúint do scoláirí a uasdátú mar thoradh ar an athbhreithniú seo agus más gá cén fáth?

17. An ndéanann an scoil tuismitheoirí a atreorú chuig na gnásanna gearán má tá gearán acu faoin gcaoi a ndeachaigh an scoil i ngleic le hiompraíocht bhulaíochta?

☐ Déanann ☐ Ní dhéanann

________________________________________

________________________________________

________________________________________

18. Ar chuir tuismitheoir in iúl don scoil gur fhág scoláire an scoil mar gheall ar iompraíocht bhulaíochta thuairiscithe.

☐ Chuir ☐ Níor chuir

________________________________________

________________________________________

________________________________________

19. An ndearna Oifig Ombudsman na Leanaí imscrúdú a thionscnamh nó a chríochnú ar an gcaoi a ndeachaigh an scoil i ngleic le heachtra iompraíochta bulaíochta?

☐ Rinne ☐ Ní dhearna

________________________________________

________________________________________

________________________________________

| | |
|---|---|
| Sínithe: ____________________ | Sínithe:: ____________________ |
| (Cathaoirleach an Bhoird Bainistíochta) | (Príomhoide) |
| Dáta: ____________________ | Dáta: ____________________ |

Dáta don chéad athbhreithniú eile: ________________

# Aguisín F
# Fógra faoi athbhreithniú bliantúil an Bhoird Bainistíochta ar Pholasaí Bí Cineálta na scoile

Deimhníonn Bord Bainistíochta ______________________ go ndearnadh athbhreithniú bliantúil an Bhoird Bainistíochta ar Pholasaí Bí Cineálta na scoile chun Iompraíocht Bhulaíochta a Chosc agus Dul i nGleic léi agus ar a chur i bhfeidhm ag cruinniú an Bhoird Bainistíochta ar ________ [dáta].

Rinneadh an t-athbhreithniú seo i gcomhréir leis na ceanglais in *Bí Cineálta: Gnásanna chun Iompraíocht Bhulaíochta a Chosc agus Dul i nGleic léi do Bhunscoileanna agus d'Iar-Bhunscoileanna* ón Roinn Oideachais.

Sínithe: ______________________ Sínithe: ______________________

(Cathaoirleach an Bhoird Bainistíochta) (Príomhoide)

Dáta: ______________________ Dáta: ______________________

Dáta don chéad athbhreithniú eile: ______________

# Aguisín G

# Forléargas ar Ghnásanna an Pholasaí Bí Cineálta chun Iompraíocht Bhulaíochta a Chosc agus Dul i nGleic léi

Seo a leanas treoir do na príomhathruithe idir na ceanglais in Gnásanna Frithbhulaíochta do Bhunscoileanna agus d'Iar bhunscoileanna 2013 agus na ceanglais in Bí Cineálta: Gnásanna chun Iompraíocht Bhulaíochta a Chosc agus Dul i nGleic léi do Bhunscoileanna agus d'Iar bhunscoileanna 2024 a thagann in ionad ghnásanna 2013. Ní liosta uileghabhálach é seo.

| | | |
|---|---|---|
| Caibidil 1 | Freagrachtaí phobal na scoile | Caithfidh gach ball de phobal na scoile oibriú le chéile i gcomhpháirtíocht chun iompraíocht bhulaíochta ar scoil a chosc agus dul i ngleic léi. |
| | Bunús dlí | Reachtaíocht mar bhonn faoi Bí Cineálta: An tAcht um Thús Áite do Leanaí, 2015.An tAcht um Chiapadh, Cumarsáid Dhochrach agus Cionta Gaolmhara, 2020 ar a dtugtar Dlí Coco freisin. |
| Caibidil 2 | Cad is iompraíocht bhulaíochta ann? | Sainmhíniú nuashonraithe ar iompraíocht bhulaíochta bunaithe ar Cineáltas: Plean Gníomhaíochta ar an mBulaíocht (2022) |
| | Iompraíocht choiriúil | Eolas nuashonraithe maidir le cathain is féidir a mheas gurb ionann iompraíocht choiriúil agus iompraíocht bhulaíochta. |
| | Ábhar imní maidir le cosaint leanaí | Eolas nuashonraithe maidir le cathain a thagann iompraíocht bhulaíochta chun bheith ina ábhar imní maidir le cosaint leanaí. |
| Caibidil 3 | Tionchar na hiompraíochta bulaíochta | Eolas nuashonraithe ar an gcaoi ar féidir le hiompraíocht bhulaíochta dul i bhfeidhm ar scoláirí a fhulaingíonn iompraíocht bhulaíochta, ar scoláirí a fheiceann an iompraíocht agus ar scoláirí a léiríonn iompraíocht bhulaíochta |
| Caibidil 4 | Polasaí Bí Cineálta | Ní mór do scoileanna dul i mbun plé le pobal uile na scoile chun a bpolasaí Bí Cineálta a fhorbairt, ag baint úsáid as an teimpléad in Aguisín A.Ní mór don pholasaí straitéisí coisctheacha a úsáidtear a liostú lena n-áirítear iad sin a úsáidtear go háirithe chun iompraíocht chibearbhulaíochta, iompraíocht bulaíochta homafóbaí agus trasfhóbaí, iompraíocht bulaíochta ciníche, iompraíocht bulaíochta gnéasaí agus ciapadh gnéasach a chosc, de réir mar is cuí.Ní mór do scoileanna liosta a dhéanamh de straitéisí tacaíochta sonracha do dhaoine aonair a bhfuil iompraíocht bhulaíochta á fulaingt acu, iad siúd a fheiceann an iompraíocht bhulaíochta agus iad siúd a léiríonn iompraíocht bhulaíochta.Ní mór gach eachtra iompraíochta bulaíochta a thaifeadadh.Éilítear ar phríomhoide na scoile uasdátú ar iompraíocht bhulaíochta a sholáthar ag gach gnáthchruinniú den Bhord Bainistíochta.Ní mór athbhreithniú a dhéanamh ar pholasaí Bí Cineálta na scoile i gcomhpháirtíocht le pobal uile na scoile uair sa bhliain féilire agus níos luaithe ná sin má tharlaíonn eachtra tromchúiseach agus má chinneann an Bord Bainistíochta go bhfuil gá le hathbhreithniú práinneach. |

| | | |
|---|---|---|
| Caibidil 4 | Aguisín A Polasaí Bí Cineálta | Ní mór an doiciméad teimpléid seo a úsáid mar bhonn le Polasaí Bí Cineálta gach scoile. |
| | Polasaí Bí Cineálta atá in oiriúint do scoláirí | Ní mór do gach scoil leagan dá polasaí Bí Cineálta atá in oiriúint do scoláirí a chur le chéile agus é a chur ar taispeáint áit ar féidir le scoláirí agus le pobal na scoile é a fheiceáil. |
| | Aguisín B Polasaí Bí Cineálta atá in Oiriúint do Scoláirí | Is féidir le scoileanna an doiciméad teimpléid seo a úsáid mar bhonn dá bpolasaí atá in oiriúint do scoláirí. |
| Caibidil 5 | Iompraíocht Bhulaíochta a Chosc | Tá bearta coisctheacha nasctha leis na ceithre réimse de chur chun cinn na Folláine.An tábhacht a bhaineann le "timpeallacht atá báúil le sceitheadh eolais" a chothú i scoileanna agus ról an duine fásta iontaofa.Ní mór straitéisí coisctheacha a sholáthar maidir le cineálacha áirithe iompraíochta bulaíochta lena n-áirítear iompraíocht chibearbhulaíochta, iompraíocht bulaíochta homafóbaí agus trasfhóbaí, iompraíocht bulaíochta ciníche, iompraíocht bulaíochta gnéasaí agus ciapadh gnéasach, de réir mar is cuí. |
| Caibidil 6 | Aguisín C Treoir maidir le Dul i nGleic le hIompraíocht Bhulaíochta | Is féidir an treoir a úsáid chun dul i ngleic le hiompraíocht bhulaíochta.. |
| | Sainchúram na scoile maidir le dul i ngleic le hiompraíocht bhulaíochta | Níltear ag súil go ndéileálfaidh scoil le hiompraíocht bhulaíochta a tharlaíonn nuair nach mbíonn scoláirí faoi chúram nó faoi fhreagracht na scoile. Sa chás go mbíonn tionchar ag an iompraíocht bhulaíochta seo sa scoil, áfach, tá iallach ar scoileanna tacú leis na scoláirí atá i gceist. Nuair a leanann an iompraíocht bhulaíochta ar aghaidh sa scoil, ba cheart do scoileanna déileáil leis réir a bpolasaí Bí Cineálta. |
| | Iarratais gan aon ghníomhaíocht a dhéanamh | Treoir do scoileanna faoin mbealach ar chóir dul i ngleic le hiarratais ó scoláirí agus ó thuismitheoirí "gan aon ghníomhaíochtaí a dhéanamh" |
| | Rannpháirtíocht le scoláirí a bhfuil baint acu le hiompraíocht bhulaíochta agus lena dtuismitheoirí | Ní mór do scoileanna dul i mbun plé le scoláirí a d'fhulaing iompraíocht bhulaíochta chun cinneadh a dhéanamh maidir leis na gníomhaíochtaí a dhéanfar chun dul i ngleic leis an eachtra iompraíochta bulaíochta. Ní mór do scoileanna dul i mbun plé lena dtuismitheoirí freisin.Ní mór do scoileanna dul i mbun plé le scoláirí a léirigh iompraíocht bhulaíochta chomh maith lena dtuismitheoirí agus gníomhaíochtaí atá le déanamh á gcinneadh acu.Ní mór do scoileanna dul i mbun plé le gach duine atá i gceist agus iad ag déanamh athbhreithniú ar dhul chun cinn agus ag cinneadh an bhfuil nó nach bhfuil deireadh leis an iompraíocht bhulaíochta. |
| | Eachtraí Iompraíochta Bulaíochta a thaifeadadh | Ní mór don mhúinteoir a théann i ngleic leis an iompraíocht gach eachtra d'iompraíocht bhulaíochta a thaifeadadh. |

| | | |
|---|---|---|
| Caibidil 7 | Uasdátú don Bhord Bainistíochta | Ní mór don phríomhoide uasdátú a thabhairt don Bhord Bainistíochta ag gach gnáthchruinniú den bhord. San áireamh sa tuairisc seo beidh líon na n-eachtraí iompraíochta bulaíochta a tuairiscíodh ón gcruinniú deireanach, líon na n-eachtraí atá ag tarlú faoi láthair agus líon iomlán na n-eachtraí a tuairiscíodh ó thús na scoilbhliana. Caithfidh an príomhoide uasdátú ó bhéal a chur san áireamh ina mbeidh, nuair is ábhartha, treochtaí agus patrúin, na straitéisí a úsáideadh chun dul i ngleic leis na heachtraí agus an bhfuil gá le hathbhreithniú práinneach ar an bpolasaí. Tá sé i gceist go gcuirfeadh an t-uasdátú bonn eolais faoin bplé ag gach gnáthchruinniú den bhord bainistíochta maidir le héifeachtacht na straitéisí coisctheacha a úsáideann an scoil agus éifeachtacht an Pholasaí Bí Cineálta go foriomlán. |
| | Aguisín DTreoir maidir le huasdátú ar iompraíocht bhulaíochta a sholáthar don Bhord Bainistíochta | Is féidir an treoir a úsáid chun cabhrú le príomhoidí uasdátú ar iompraíocht bhulaíochta a sholáthar don Bhord Bainistíochta. |
| | Athbhreithniú ar Pholasaí Bí Cineálta | Ní mór athbhreithniú a dhéanamh ar an bpolasaí Bí Cineálta uair sa bhliain féilire, i gcomhpháirtíocht le pobal uile na scoile, agus níos luaithe ná sin má chinneann an Bord go bhfuil gá le hathbhreithniú práinneach. |
| | Aguisín E Athbhreithniú ar Pholasaí Bí Cineálta. | Ní mór an teimpléad Athbhreithnithe a chomhlánú nuair a dhéantar athbhreithniú ar pholasaí Bí Cineálta. |
| | Aguisín F Fógra faoin Athbhreithniú Bliantúil | Is féidir an teimpléad a úsáid chun a chur in iúl do phobal na scoile go ndearnadh an t-athbhreithniú bliantúil. |

# Leabharliosta

An tAcht um Thús Áite do Leanaí, (2015) https://www.irishstatutebook.ie/eli/2015/act/36/enacted/en/pdf

An Coimisiún um Chosaint Sonraí *Sonraí leanaí agus toiliú an tuismitheora* faighte 20 Deireadh Fómhair, 2023 ó https://www.dataprotection.ie/en/dpc-guidance/my-childs-data-protection-rights

An Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige (2023) *Plean Náisiúnta Gníomhaíochta i gCoinne an Chiníochais 2023-2027* https://www.gov.ie/en/press-release/d157a-minister-obrien-announces-publication-of-irelands-national-action-plan-against-racism-2023-2027/

An Roinn Oideachais (2018) *An treoir dea-chleachtais do-bhunscoileanna maidir le cláir agus/nó áisitheoirí seachtracha a úsáid chun folláine a chur chun cinn de réir Ráiteas Polasaí Folláine agus Creat Cleachtais na Roinne Oideachais agus Scileanna* Ciorclán 0042/2018 https://circulars.gov.ie/pdf/circular/education/2018/42.pdf

*An Roinn Oideachais (2018) An treoir dea-chleachtais d'iar-bhunscoileanna maidir le cláir agus/nó áisitheoirí seachtracha a úsáid chun folláine a chur chun cinn de réir Ráiteas Polasaí Folláine agus Creat Cleachtais na Roinne Oideachais Ciorclán 0043/2018* https://circulars.gov.ie/pdf/circular/education/2018/43.pdf

An Roinn Oideachais (2019) *Ráiteas Polasaí Folláine agus Creat Cleachtais* https://www.gov.ie/en/campaigns/851a8e-wellbeing-in-education/

An Roinn Oideachais (2022) *Cineáltas Plean Gníomhaíochta ar an mBulaíocht* https://www.gov.ie/en/publication/52aaf-cinealtas-action-plan-on-bullying/

An Roinn Oideachais (2023) *Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus Iar-bhunscoileanna* https://www.gov.ie/en/policy-information/d7be05-child-protection/

Doumas, D.M., Midgett, A.,Watts, A.D. (2019). *The Impact of a Brief, Bullying Bystander*.

*Intervention on Internalizing Symptoms: Is Gender a Moderator of Intervention Effects?* School Psychology International, iml.40 3 275-293 Meith.

An tAcht Oideachais (Leas) (2000) Education (Welfare) Act, 2000 (irishstatutebook.ie)

Na hAchtanna um Stádas Comhionann (2000-2018) https://adsdatabase.ohchr.org/IssueLibrary/IRELAND_Equal%20Status%20Act.pdf

Foody, M., McGuire, L., Kuldas, S., & O'Higgins Norman, J. (2019). *Friendship quality, gender and their role in cyberbullying involvement and psychological well-being. Frontiers in Psychology* https://www.frontiersin.org/articles/10.3389/fpsyg.2019.01723/full

Foody, M. Samara, M., O'Higgins Norman, J (2017) Bullying and cyberbullying studies in the school-aged population on the island of Ireland: A meta-analysis Bullying and cyberbullying studies in the school-aged population on the island of Ireland: A meta-analysis - Foody - 2017 - British Journal of Educational Psychology - Wiley Online Library.

An tAcht um Chiapadh, Cumarsáid Dhochrach agus Cionta Gaolmhara, (2020) https://www.irishstatutebook.ie/eli/2020/act/32/enacted/en/pdf

James, D. J., Sofroniou, N., & Lawlor, M. (2003). The response of Irish adolescents to bullying. Irish Journal of Psychology, 24, 22–34.

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (2023) *Traveller culture and history Research report*: traveller-culture-and-history-research-report_en.pdf (ncca.ie)

O'Higgins Norman, J, (2020) *Tackling bullying from the inside out*: Shifting paradigms in bullying research and interventions. *International Journal of Bullying Prevention*, 2(3), 161–169.

Platten, J., Evans G., & Danko S.,Platten Killeen J., (2003). The Role Of Permanent Student Artwork In Students' Sense Of Ownership In An Elementary School. Environment and Behaviour (2):250–263.

Professional Development Services for Teachers *Restorative Practice* faighte 20 Deireadh Fómhair, 2023 óhttps://www.pdst.ie/post-primary/health-wellbeing/restorative-practice

An tAcht um Thoirmeasc ar Ghríosú chun Fuatha, 1989
https://www.irishstatutebook.ie/eli/1989/act/19/enacted/en/print.html

Rodkin, P.C., Espelage, D.L., & Hanish, L. (2015). A Gendered, Relational Framework for Understanding Bullying: Developmental Antecedents and Outcomes, American Psychologist, Leathanaigh 70, 311–321.

Sigurdson, J.F, Wallander, J., Sund, A.M. (2014) Is involvement in school bullying associated with general health and psychosocial adjustment outcomes in adulthood?, Child Abuse & Neglect, Volume 38, Issue 10.

Tusla (2008) *Cód Iompair a Fhorbairt: Treoirlínte i gcomhair Scoileanna*
www.tusla.ie/guidelines_school _codes

UNICEF an Ríocht Aontaithe (1989). *Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh*. https://downloads.unicef.org.uk/wp-content/uploads/2010/05/UNCRC_PRESS200910web.pdf?_ga=2.78590034.795419542.1582474737-1972578648.1582474737

Wolke, D. & Lereya, S.T. 2015. Long-term effects of bullying. Archives of Disease in Childhood, Imleabhar 100.


Be Kind